
# Plean Straitéiseach Chomhairle Contae Mhaigh Eo i ndáil leis na hEalaíona 2018-2022

Mayo Arts Service

# Plean Straitéiseach Chomhairle Contae Mhaigh Eo i ndáil leis na hEalaíona 2018-2022

Mayo Arts Service



An t-ealaíontóir Aideen Barry, Changing Tracks, Ealaín Phoiblí 2014.
Íomhá le caoinchead Studio Aideen Barry © www.aideenbarry.com

# Clár

INFORMATION & ADVICE
SUPPORTING ARTISTS
EDUCATION & AWARENESS
PRESENTING BEST PRACTICE
PROFESSIONAL DEVELOPMENT
PUBLIC ART
DEVELOPING NEW AUDIENCES
ENCOURAGING INNOVATION
SUPPORTING VENUES
PROMOTION & PR
AWARDS & FUNDING

## Cúlra agus Comhthéacs


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 8 |
| Cúlra – Na hEalaíona i Maigh Eo | 12 |
| Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo | 13 |
| Ról na Seirbhíse Ealaíon | 14 |
| Comhpháirtíochtaí tacaíochta | 15 |
| Clár Straitéiseach do na hEalaíona | 15 |


## Plean Ealaíon


| | |
|---|---|
| Raon an Phlean Ealaíon | 18 |
| An Próiseas Comhairliúcháin | 18 |
| Páirtithe Leasmhara | 19 |
| Ár Misean | 20 |
| Cur i bhfeidhm | 21 |
| Bunluachanna | 21 |
| Aidhmeanna Straitéiseacha | 23 |
| Monatóireacht agus Measúnacht | 30 |
| Buíochas | 30 |


## Aguisíní


| | |
|---|---|
| Léaráid den tSeirbhís Ealaíon | 34 |
| An tSeirbhís Ealaíon / Samplaí d'Obair na Seirbhíse Ealaíon | 36 |
| Léarscáil d'Áiseanna Ealaíon i Maigh Eo | 38 |
| An Próiseas Comhairliúcháin | 39 |
| Ceistneoir Comhairliúcháin | 40 |
| Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo | 41 |
| Plean Corparáideach Chomhairle Contae Mhaigh Eo | 42 |
| Faighteoirí Deontas faoin Acht Ealaíon | 43 |
| Comhpháirtíochtaí | 44 |
| Foilseacháin de chuid na Seirbhíse Ealaíon | 45 |
| Leabharliosta | 46 |


Mayo Arts Service

# Réamhrá

## Teachtaireacht ón gCathaoirleach



Tá lántacaíocht tugtha ag na comhaltaí tofa go léir de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo, mé féin san áireamh, d'fhorbairt na n-ealaíon i gContae Mhaigh Eo ó ceapadh an chéad Oifigeach Ealaíon againn i 1989.

Is follasach dúinn chuile lá beo an chaoi a dtéann na healaíona i bhfeidhm ar ár bpobal. Tugtar deis do chuile dhuine a bheith páirteach sna healaíona: idir óg is aosta; trí scoileanna; tríd an ngréasán d'ionaid iontacha ealaíon atá againn ar fud an chontae; agus trí chlár bliantúil na Seirbhíse Ealaíon a fhreastalaíonn ar dhaoine breacaosta le clár Bealtaine i mí na Bealtaine gach bliain, agus a mheallann gnólachtaí agus muintir an chontae isteach le hOíche Chultúir agus imeachtaí Éire Ildánach.

Réitíonn an Plean Straitéiseach Ealaíon seo an bealach do na cúig bliana amach romhainn, ag tarraingt aird ar an obair fhíorthábhachtach a bheidh ar bun i gcónaí, agus ag aithint na réimsí úra is gá aird a thabhairt orthu sa saol síorathraitheach seo. Bíonn riachtanais na n-ionad ealaíon, na n-ealaíontóirí, na rannpháirtithe agus an lucht spéise féin ag athrú agus ag forbairt le himeacht ama, agus ní hamháin go dtugtar aitheantas dó sin sa phlean ach leagtar amach bealaí chun freastail ar na riachtanais sin amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na Seirbhíse Ealaíon agus ardmholadh a thabhairt dóibh as an ndúthracht agus an díograis a chaith siad in ullmhú an phlean seo. Gabhaim buíochas freisin leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Cultúr, Oideachas, Oidhreacht agus Gnóthaí Corparáideacha as an tacaíocht leanúnach a thugann siad don tSeirbhís Ealaíon thar ceann na gcomhaltaí tofa.

Cllr Richard Finn,
Cathaoirleach, Chomhairle Contae Mhaigh Eo

## Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Tá taithí agus tuiscint na mblianta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar luach na n-ealaíon don tsochaí agus ar a shaibhre is atá ár saol dá mbarr, agus tuigeann sí freisin an ról ollmhór atá ag na healaíona i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha ár gcontae. Cuirimse, mar Phríomhfheidhmeannach, fáilte chroíúil roimh an bPlean Straitéiseach seo i ndáil leis na hEalaíona, 2018-2022, ina leagtar amach na cuspóirí atá againn i leith na n-ealaíon chomh maith lenár dtiomantas don réimse seo as seo go ceann cúig bliana.

Tá Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar thús cadhnaíochta le fada agus clár ealaíon d'ardchaighdeán á sholáthar aici maille le deiseanna fiúntacha don phobal go léir le bheith páirteach sna healaíona. Ní gá breathnú níos faide ná an clár ealaíon do dhaoine faoi mhíchumas, an clár ealaíne poiblí, agus rannpháirteachas an phobail in Artsquad Mhaigh Eo agus Film Mayo, mar eiseamláirí de sheirbhís chuimsitheach ealaíon a fhreastalaíonn ar an bpobal ina iomláine.

Agus foireann bheag saineolaithe i gceannas uirthi, tá an tseirbhís fite fuaite le gnóthaí laethúla Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus oibríonn sí i gcomhpháirt le raidhse seirbhísí eile a chuirimid ar fáil. Tá ard-chaighdeán, inrochtaineacht, cuimsitheacht agus fiúntas mar bhunphrionsabail le gach a ndéanann an tseirbhís.

Cuireann an Chomhairle seo roimpi Maigh Eo a mhúnlú ina chontae atá inbhuanaithe, cuimsitheach, rathúil agus bródúil. Beidh ról nach beag ag obair leanúnach na seirbhíse seo, agus ag na bearta úra curtha roimpi sa phlean seo, i dtarraingt chugainn na físe sin.

Táimid ag súil go mór le caidrimh úra a bhunú agus na comhpháirtíochtaí atá againn cheana féin a threisiú, go háirithe leis an gComhairle Ealaíon agus muid ag obair faoi scáth an chomhaontaithe 'A Framework for Collaboration'.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chuile dhuine a bhí páirteach sa phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin ar tugadh faoi in ullmhú an phlean seo, agus don Fhoireann Ealaíon againn a shaothraíonn gan sos gan scíth ar son na n-ealaíon i gContae Mhaigh Eo.

Peter Hynes

Mayo Arts Service

# Cúlra agus Comhthéacs

Mayo Arts Service

# Na hEalaíona i Maigh Eo

**I gcroílár na hearnála bríomhaire ealaíon i Maigh Eo tá an líon mór ealaíontóirí de chuile chineál a chónaíonn agus a oibríonn sa chontae. Ag tacú leo siúd tá na daoine sin uile atá taobh thiar d'eagraíochtaí gairmiúla ealaíon, imeachtaí, féilte, grúpaí amaitéaracha ealaíon agus grúpaí pobail; daoine uile a threabhann leo i ngort na n-ealaíon. Dá thoradh seo tá acmhainn shuntasach cumais, eolais, díograis agus taithí ar na healaíona ar fáil laistigh den chontae.**

Bunshraith ghréasán na n-ealaíon sa chontae is ea sárobair na n-eagraíochtaí ealaíon fud fad an chontae. Cuireann eagraíochtaí ar nós Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh, Theachín Heinrich Böll, Ionad Ealaíon Bhéal an Átha, Stiúideonna Theach an Chustaim, Fhondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna, Ionad Ealaíon Halla an Bhaile i mBaile Chathail, agus Áras Inis Gluaire, clár bríomhar, beomhar, ilchineálach ar siúl ar fud an chontae. Oibríonn na hionaid ina n-aonar, ach is minice anois a oibríonn siad as lámh a chéile le tacaíocht ón tSeirbhís Ealaíon i bhfoirm Thionscnamh Comhpháirtíochta Mhaigh Eo mar shampla. Cuireann siad seirbhísí ar fáil dá gceantar féin, agus don chontae i gcoitinne, atá fíorthábhachtach, agus tugann siad spás d'ealaíontóirí a gceird a chleachtadh, a chruthú, a thaispeáint, agus a phlé.

Bíonn clár ilghnéitheach d'Fhéilte Ealaíon ar siúl gach bliain i Maigh Eo, arna eagrú ag oibrithe deonacha an chuid is mó, a chaitheann a ndúthracht chun blaiseadh de raidhse cineálacha ealaíon a chur ar fáil do phobal an chontae seo in áiteanna poiblí éagsúla. Baineann na féilte seo le raon leathan ábhar ó na healaíona traidisiúnta go dtí cleachtaí ceannródaíocha nua-aimseartha. Áirítear chuile chineál agus seánra ealaíne faoin spéir iontu, agus is minic iad a mheascadh laistigh d'aon fhéile amháin.

Is de thoradh an mheasa atá ag daoine ar chúrsaí ealaíne, an tuiscint atá acu ar na buntáistí a thugann sí don tsochaí i gcoitinne agus an cumas atá aici cultúr saibhir ilghnéitheach a chothú, a tháinig an tSeirbhís Ealaíon agus infrastruchtúr ealaíon slán tríd an ngéarchéim eacnamaíochta le deich mbliana anuas, agus a tháinig borradh fúthu i gcásanna áirithe. Tá an fhéidearthacht ann i gcónaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbunsraith dhaingean seo agus cúrsaí ealaíon i Maigh Eo a chothú agus a chur ó neart go neart.

Cuireadh an plean seo i dtoll a chéile i ndiaidh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ina ndearnadh measúnú ar staid reatha an infrastruchtúir ealaíon sa chontae maille le riachtanais na n-ealaíontóirí agus na hearnála i gcoitinne. Tá sé i gceist ag an bplean seo aghaidh a thabhairt ar thorthaí an iniúchta sin agus ar na saincheisteanna a tháinig aníos arís is arís eile le linn an phróisis chomhairliúcháin. Is ábhar dóchais dúinn an dearfacht a léiríodh go minic sna ceistneoirí, cruinnithe, cuir i láthair agus grúpaí fócais a reáchtáladh ó dheireadh na bliana 2017 i leith.

Thaispeáin na teachtaireachtaí agus freagraí a bhfuarthas ansin go bhfuil earnáil bhríomhar ealaíon againn, faoi thacaíocht Seirbhís thiomnaithe Ealaíon agus gréasán cuimsitheach d'ionaid ealaíon agus féilte. Sonraítear sna bearta a leanas – bearta nua agus gníomhaíochtaí atá idir lámha cheana féin – an chaoi a bhfuil sé i gceist againn leanúint leis an bhforbairt seo i gcomhpháirt a chéile, ag cur borradh leanúnach faoi fhás, treallús agus nuálaíocht na hearnála seo.



Seoladh Thionscadal na nDrisiúr, Michael Fortune, Bealtaine 2016, Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe.
Grianghrafadóir: Heverin Print.



# Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo

**Tá an tSeirbhís Ealaíon freagrach as seirbhísí a thacaíonn le cúrsaí ealaíon i Maigh Eo a fhorbairt agus a chur ar fáil, agus is aonad seanbhunaithe de chuid an údaráis áitiúil i. Tá Oifigeach Ealaíon fostaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ó 1989, agus tá Seirbhís Ealaíon an Chontae leathnaithe go mór aici ó shin mar chuid dá tiomantas d'fhorbairt na n-ealaíon sa chontae. Cuireann an tSeirbhís roimpi na healaíona a chur ar fáil agus agus a chur in oiriúint don uile duine, beag beann ar an gcúlra acu ná ar an taithí a bheadh acu ar na healaíona. Tá ard-chaighdeán, inrochtaineacht, cuimsitheacht, agus luach fadtéarmach ina mbunluachanna le gach a ndéanann an tSeirbhís. Faigheann an tSeirbhís Ealaíon go leor tacaíochta ó chomhaltaí tofa agus ó lucht feidhmiúcháin na Comhairle Contae, agus ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann freisin.**

Tá infheistíocht mhór déanta i gcúrsaí ealaíon sa chontae, agus dá bharr sin tá raidhse spásanna ar fáil dúinn inar féidir imeachtaí ealaíon a reáchtáil agus inar féidir taitneamh a bhaint astu: ionaid ealaíon, gailearaithe, amharclanna, agus stiúideonna d'ealaíontóirí ina measc. Cuirtear deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí trí choimisiúin ealaíne poiblí, cónaitheachtaí, agus tograí forbartha gairmiúla, agus mealltar an pobal isteach trí imeachtaí Artsquad Mhaigh Eo, ceardlanna, agus ealaíontóirí a chur ag obair i scoileanna agus pobail.

Cuimsíonn an tseirbhís na gnéithe a leanas: soláthar eolais, cur chun cinn na n-ealaíon, soláthar comhairle, reáchtáil clár, pleanáil, agus ceapadh beartas. (Féach Aguisín 1; Léaráid den tSeirbhís Ealaíon). Tagann gach saghas ealaíon faoina scáth: ceol, na hamharcealaíona, drámaíocht, damhsa, scannánaíocht, ealaíona pobail, féilte agus ealaín phoiblí. Oibríonn an tseirbhís le breis is 300 grúpa pobail gach bliain, agus téann sí i gcion go díreach ar an mbreis is 125,000 duine a fhreastlaíonn ar na himeachtaí go léir atá eagraithe nó maoinithe ag an tSeirbhís Ealaíon.

Cuireann clár bliantúil na Seirbhíse Ealaíon imeachtaí ealaíon den scoth ar fáil do mhuintir Mhaigh Eo. Is tábhachtach dúinn luach fadtéarmach ár gcuid oibre, agus dá bhrí sin tairgtear deiseanna oiliúna do ghrúpaí a bhfuil spéis acu ann mar chuid de gach tionscnamh mór dár gcuid, rud a fhágann ár rian ar phobail an chontae.



Scoláirí Ionad Teagaisc Bhaile an Róba, Seoladh Music Generation.
Grianghrafadóir: Kate McKeown.

# Ról na Seirbhíse Ealaíon

Féach Aguisín 2; An tSeirbhís Ealaíon

Seo a leanas roinnt de na feidhmeanna atá ag an tSeirbhís Ealaíon:

- a chinntiú go bhfuil an luach is airde á bhaint as imeachtaí ealaíon.
- eolas agus comhairle a chur ar fáil don earnáil ealaíon agus don phobal.
- ealaíontóirí a nascadh le lucht féachana nó pobail.
- a chinntiú go gcuirtear na healaíona ar fáil don phobal i gcoitinne, agus go bhfuil imeachtaí ealaíon uileghabhálach.
- agus oscailte don phobal ar fad.
- imeachtaí ealaíon a fhí isteach i réimsí eile den tseirbhís phoiblí.
- bunsraith na n-imeachtaí ealaíon a fhorbairt bunaithe ar ardcaighdeán agus réimse geografach.
- forbairt beartais, pleanáil agus bainistíocht na n-ealaíon.

Forbraíodh ról na seirbhíse i gcaitheamh na mblianta le dul i ngleic le riachtanais athraitheacha na hearnála. I mblianta tosaigh na seirbhíse caitheadh an-dua le clár cuimsitheach imeachtaí ealaíon a fhorbairt chun dea-chleachtas a thaispeáint agus an bealach a réiteach d'ionaid agus féilte a bhí díreach nuabhunaithe nó ag teacht chun cinn an tráth sin. Tá an clár imeachtaí ina ghné lárnach den tseirbhís i gcónaí chun treochtaí úra sna healaíona go náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur os comhair an phobail, ach tá sárchumas agus tuiscint sa chontae anois nach raibh ann an tráth sin, rud is léir ó na cláir den scoth a eagraíonn na hionaid agus na féilte araon. Is tréine an ról tacaíochta atá ag an tseirbhís ealaíon anois dá bharr: ag cur leis na cláir seo, ag tacú le cuir chuige úra, ag éascú tograí comhpháirtíochta, agus ag caitheamh súil níos leithne ar fhorbairt na n-ealaíon i gcoitinne.

Is acmhainn shuntasach chultúrtha don chontae fós é saineolas agus taithí fhoireann na Seirbhíse Ealaíon. Tá forbairt leanúnach na Seirbhíse ag brath go hiomlán ar shaineolas agus ar acmhainn na foirne seo.





Íomhá thuas:
An t-ealaíontóir Noah Rose, Changing Tracks, Ealaín Phoiblí, Acaill 2014.
Grianghrafadóir: Marc Planagumà.

Íomhá thíos:
An t-ealaíontóir Xevi Bayona, Changing Tracks, Ealaín Phoiblí, Baile Uí Fhiacháin 2014.
Grianghrafadóir: Marc Planagumà.



# Comhpháirtíochtaí Tacaíochta

Féach Aguisín 3; Léarscáil d'Áiseanna Ealaíon i Maigh Eo

SUPPORTING VENUES

Aithníonn Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo neamhspleáchas na n-eagraíochtaí gairmiúla ealaíon atá sa chontae agus tá meas acu ar an stádas sin. Áirítear orthu siúd Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh, Ionad Ealaíon Bhéal an Átha, Fondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna, Stiúideonna Theach an Chustaim, Teachín Heinrich Böll, Áras Inis Gluaire agus Ionad Ealaíon Halla an Bhaile i mBaile Cathail. Tugann na heagraíochtaí seo, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo i bhfoirm comhaontuithe tacaíochta, deiseanna fíorthábhachtacha d'ealaíontóirí agus lucht spéise teacht le chéile go háitiúil. Ina theanna sin, tacaíonn siad le healaíontóirí, grúpaí ealaíon, pobail áitiúla agus eile atá seanbhunaithe nó ag teacht chun cinn araon. Oibríonn Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt leis na heagraíochtaí seo nuair is féidir chun acmhainn a fhorbairt, lucht spéise a mhéadú, tionscnaimh ealaíne sainiúla a fhorbairt agus clár imeachtaí roinnte a chomhordú. Samplaí de seo a tharla le déanaí is ea an tacaíocht a tugadh do Thionscnamh Comhpháirtíochta Mhaigh Eo, don Oiliúint in Ilchineálacht Chultúrtha a cuireadh ar fáil d'ionaid ghairmiúla ealaíon, comhoibriú i dtionscnaimh ealaíne poiblí ('Remnant' i gcomhar le hIonad Ealaíon Bhéal an Átha agus 'FIND' le hIonad Ealaíon Halla an Línéadaigh), athfhorbairt Shlí Thír Sáile agus na cónaitheachtaí a ghabh leis, agus comhoibriú ar chláir Bealtaine, Excel, agus Oíche Chultúir i Maigh Eo. .

# Clár Straitéiseach do na hEalaíona

PRESENTING BEST PRACTICE

I dtreo easnaimh a líonadh, aird an phobail a choinneáil ar na healaíona, rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu a fhairsingiú, agus caighdeán na n-ealaíon sa chontae a choinneáil ard, cuireann an tSeirbhís Ealaíon na bearta a leanas roimpi:

- feasacht agus tuiscint ar chleachtaí ilchineálacha ealaíon a spreagadh.
- tuilleadh daoine a mhealladh le bheith páirteach in ealaíona de chuile chineál, ar fud Mhaigh Eo, ag tabhairt aird ar leith ar ghrúpaí éagsúla laistigh den phobal.
- dúshlán a thabhairt don phobal trí dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a thaispeáint i spásanna traidisiúnta agus neamhthraidisiúnta araon.
- tuiscint níos fearr a thabhairt do dhaoine ar chleachtaí agus cineálacha éagsúla ealaíne.
- na healaíona ar an iomlán a leathnú amach, ó thaobh tíreolaíochta, lucht spéise, agus cineálacha ealaíne de.

# Plean Ealaíon

Mayo Arts Service

# Raon an Phlean Ealaíon

**Cuirfidh Plean Straitéiseach Chomhairle Contae Mhaigh Eo i ndáil leis na hEalaíona, 2018-2022, tacaíochtaí ar fáil d'earnáil na n-ealaíon, a fhad agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil di. Beidh cur i ngníomh an phlean seo ag brath ar mhaoiniú agus foireann shainiúil a bheith ar fáil i gcónaí. Tabharfaidh an Plean Ealaíon seo léargas ginearálta ar chúrsaí ealaíon, ag féachaint le bearnaí i soláthar, oiliúint, infrastruchtúr, gréasáin srl. a líonadh. Tá feidhm forbartha ag an bPlean Ealaíon chomh maith, ag iarraidh lucht féachana nua a mhealladh, cineálacha úra ealaíne a fhorbairt agus scoth na n-ealaíon a thaispeáint.**

Ní miste roinnt de na treochtaí agus forbairtí le déanaí maidir le tacaíocht phoiblí do na healaíona in Éirinn a lua, ós rud é go mbaineann said le hábhar:

- 'A Framework for Collaboration': Comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon agus Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach.
- 'Making Great Art Work': Straitéis 10 mbliana na Comhairle Ealaíon.
- Tionscnamh 'Éire Ildánach'.
- Breis aitheantais á thabhairt do ról na n-ealaíon, ní hamháin i bhforbairt chultúrtha, ach i bhforbairt shóisialta agus eacnamaíochta chomh maith.
- Staid reatha an gheilleagair a bhí mar chúis le ciorruithe suntasacha sna hacmhainní curtha ar fáil do na healaíona le deich mbliana anuas.

Tá an plean ealaíon seo airdeallach ar an gcomhthéacs ginearálta ina bhfeidhmíonn na healaíona freisin .i. cúrsaí reatha sóisialta, eacnamaíochta, agus cultúrtha laistigh de Chontae Mhaigh Eo. Cuirtear san áireamh chomh maith Pleananna Forbartha Contae a bhaineann go díreach le cúrsaí ealaíon.

## Is é aidhm an Phlean Ealaíon:

- a chinntiú go bhfuil an tSeirbhís Ealaíon san áireamh mar cheann de na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil.
- na bearta riachtanacha a aithint lena chinntiú go dtéann an tacaíocht phoiblí a chuirtear ar fáil do na healaíona i gcion a mhéid agus is féidir ar fhorbairt áitiúil, ar aitheantas áitiúil, agus ar shaol mhuintir an chontae.
- breathnú ar dheiseanna ar bhonn uile-chontae, agus tapú leo ar mhaithe leis an gcontae ar fad.

Seo an tríú plean ealaíon ullmhaithe ag Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Leagadh amach sa phlean roimhe seo, Plean 2011-2016, bearta le cur i bhfeidhm thar thréimhse cúig bliana maille le dearcadh níos fadtéarmaí a ghlacadh. D'éirigh go hiontach le Plean Ealaíon 2011-2016 agus cuireadh na bearta go léir a bhí sonraithe ann i gcrích. Ar ndóigh, bhí na hacmhainní a bhí ar fáil don tSeirbhís Ealaíon mar bhonn agus taca leis an rath seo; thug comhaltaí tofa agus lucht bainistíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo lántacaíocht don phlean.

Tráth cinniúnach do na healaíona is ea seo agus cúrsaí eacnamaíochta ag feabhsú, acmhainní ar fáil níos réidhe, agus an cuma ar an scéal go bhfuil cúrsaí ag dul i bhfeabhas. Tá sé ríthábhachtach anois nach ligfear sárchaighdeán na n-ealaíon seo againn le sruth, agus go ndéanfar bainistíocht straitéiseach ar ár gcuid acmhainní chun an luach is fearr a bhaint astu. Tá sé ar ar gcumas anois fís níos fadtéarmaí a leagan amach do na healaíona i Maigh Eo, agus saothrú chuige sin. Beidh raidhse deiseanna ag na healaíona le fás agus forbairt sna blianta amach romhainn, le dul i gcion ar an bhfís atá againn don todhchaí, agus lena lorg a fhágáil ar an earnáil chultúrtha, ar thionscnaimh chruthaitheacha agus ar earnáil na turasóireachta cultúrtha sa chontae.

Chaitheamar súil siar ar roinnt réimsí oibre ar leith chun bonn eolais a chur faoin bPlean Ealaíon úr seo. Ina measc siúd bhí: láidreachtaí agus laigí earnáil na n-ealaíon áitiúil; na deiseanna agus easnaimh atá ann faoi láthair; bunphrionsabail na seirbhíse; tosaíochtaí; straitéisí praiticiúla le dul i ngleic le heasnaimh nó deiseanna; agus bearta/ tionscadail/ tograí atá réalaíoch, sonrach, agus indéanta a aithint.



Chun plean fíorfhreagrúil a chur le chéile, bhí sé tábhachtach smaoineamh ar an tírdhreach cultúrtha a bhíonn ag athrú de shíor, ar fhorbairt leanúnach na n-ealaíon agus ar riachtanais agus ganntanais éagsúla na hearnála. Ní mór don tSeirbhís, dá réir sin, a bheith solúbtha agus titim isteach leis na cúinsí ina bhfuil sí; ag aithint go mbeidh uirthi dul i muinín straitéisí úra le tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil, feasacht a ardú, agus breis deiseanna a thabhairt do chách de réir mar a fhorbraíonn an earnáil féin agus na pobail rannpháirtíocha, agus mar a fhaigheann siad taithí agus tuiscint ar na healaíona.

## An Próiseas Comhairliúcháin:

Agus an plean seo á chur i dtoll a chéile, chuathas i gcomhairle le healaíontóirí, cleachtóirí ealaíne, pobail, grúpaí deonacha, grúpaí óige, lucht gairme na n-ealaíon, ionaid ealaíon agus páirtithe leasmhara eile, agus bhí an comhairliúchán sin mar bhonn eolais don phlean seo.

Féach Aguisín 4: An Próiseas Comhairliúcháin

## Páirtithe Leasmhara:

I measc na bpáirtithe leasmhara i bhforbairt na n-ealaíon i Maigh Eo, tá:

— Ealaíontóirí (de chuile chineál)
— Láithreacha ealaíon: ionaid ealaíon, gailearaithe, áiseanna
— Eagraíochtaí agus grúpaí ealaíon (idir ghairmiúil agus amaitéarach)
— Bainisteoirí/riarthóirí na n-ealaíon
— Lucht spéise na n-ealaíon
— Pobail (grúpaí sonracha san áireamh – daoine óga / daoine breacaosta / daoine faoi mhíchumas / páistí / grúpaí ilchultúrtha / daoine imeallaithe)
— An pobal
— Comhaltaí tofa agus ionadaithe poiblí
— Comhairle Contae Mhaigh Eo
— Gníomhaireachtaí comhpháirtíochta
— An Chomhairle Ealaíon
— Eagraíochtaí eile réigiúnacha agus náisiúnta

Seo a leanas na figiúirí is déanaí i ndáil le líon na gcleachtóirí ealaíon sa chontae:

| | |
|---|---|
| — Ceoltóirí | 133 |
| — Scríbhneoirí gairmiúla | 27 |
| — Amharclannóirí gairmiúla | 6 |
| — Damhsóirí gairmiúla agus scoileanna damhsa | 24 |
| — Lucht scannánaíochta agus teilifíse | 52 |
| — Grianghrafadóirí gairmiúla | 47 |
| — Amharcealaíontóirí | 303 |

Réimsí eile cruthaitheacha/ a bhaineann leis na healaíona:

| | |
|---|---|
| — Lucht riartha na n-ealaíon, scéimeanna san áireamh | 107 |
| — Fuaim agus Craoltóireacht | 6 |
| — Ionaid Ealaíon Comhpháirtíochta | 7 |
| — Gailearaithe & Ionaid taispeántais | 28 |

Is acmhainn iontach é seo do Chontae Mhaigh Eo le haghaidh forbairt na dtionscnamh ealaíonta, cruthaitheach agus cultúrtha.

# An tSeirbhís Ealaíon: Cur i ngníomh Phlean Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Féach Aguisín 6

**Tá dearcadh an phlean straitéisigh seo i ndáil leis na healaíona fréamhaithe i misean foriomlán Chomhairle Contae Mhaigh Eo mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach, 2015-2019: Infheistíocht inár Muintir. Tiomantas dár bPobal.**

**ÁR MISEAN:**

> *'Leas agus caighdeán beatha mhuintir agus phobail Chontae Mhaigh Eo a fheabhsú, agus cur le tarraingteacht an Chontae mar áit chun cónaí ann, oibriú ann, cuairt a thabhairt air, infheistíocht a dhéanamh ann agus taitneamh a bhaint as.'*

**AGUS IS Í AN FHÍS ATÁ AGAINN DO MHAIGH EO :**

> *'Contae atá inbhuanaithe, cuimsitheach, rathúil agus bródúil.'*

**I GCOMHTHÉACS NA SEIRBHÍSE EALAÍON, CIALLAÍONN SÉ SIN:**

> *'Go n-oibreoimid leis an gComhairle Ealaíon agus le gníomhaireachtaí ábhartha reachtúla agus deonacha, agus le pobal bríomhar na n-ealaíon seo againne, lena chinntiú go soláthraítear rochtain fhóinteach ar na healaíona agus deiseanna rannpháirtíochta iontu dár saoránaigh go léir'.*



Téatar Óige Mhaigh Eo 2017.
Grianghrafadóir: Ken Wright.



# Cur i bhfeidhm an Phlean Ealaíon

**Is í Seirbhís Ealaíon an Chontae a bheidh i bhfeighil chur i bhfeidhm, chur i ngníomh agus bhainistíocht an Phlean Ealaíon sna blianta amach romhainn, agus i gcomhthéacs na bPleananna Forbartha Contae ábhartha. D'ainneoin deich mbliana de chiorruithe suntasacha ar acmhainní ealaíon, bhí sé de stuaim ag Comhairle Contae Mhaigh gan an fhoireann ealaíon a ligean le sruth le linn na géarchéime eacnamaíochta. De thoradh na hacmhainne luachmhaire seo tá an tseirbhís fós in ann táirgí agus tacaíochtaí den scoth a sholáthar, ag an am céanna is a bheith ag triail modhanna nua oibre, bealaí nua maoinithe agus slite inar féidir borradh a chur faoi na healaíona i gcúinsí crua. Is mithid a lua nach mbeifear in ann na bearta idir lámha a chur i gcrích, ná tabhairt faoi aon cheann de na bearta nua sonraithe sa phlean seo, mura bhfuil foireann inniúil agus dóthain airgid curtha ar fáil lena aghaidh.**

# Bunluachanna

Is iad a leanas bunluachanna na Seirbhíse Ealaíne, a thagann leo siúd leagtha amach i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2015-2019: Infheistíocht inár Muintir. Tiomantas dár bPobal

## Caighdeán

Cuireann Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo roimpi seirbhís den chaighdeán is airde a chur ar fáil chun leasa an phobail, na hearnála ealaíon agus na bpáirtithe leasmhara thuasluaite. Déanann sí iarracht cur le hearnáil na n-ealaíon i gcoitinne trí cháilíocht na ealaíon agus dea-chleachtas a spreagadh, sárchaighdeán a leagan síos agus acmhainn straitéiseach a fhorbairt.

## Rochtain agus Cuimsiú

Aithníonn an tSeirbhís Ealaíon cruthaitheacht daoine aonair agus pobail, agus is mian léi go mbeidh a mhéid daoine agus is féidir, fud fad an chontae, páirteach sna healaíona. Cuireann an tSeirbhís Ealaíon ioncuimsiú chun cinn ina gnóthaí féin agus trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí, imeachtaí agus tionscnaimh a chuireann na healaíona ar fáil do phobal níos leithne agus a spreagann rannpháirtíocht iontu.

## Inbhuanaitheacht

Trí bhéim a choinneáil ar luach fadtéarmach na n-ealaíon, ar fhorbairt de réir a chéile, agus ar líonrú agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha, féachann an tSeirbhís Ealaíon leis na healaíona a chomhtháthú, agus le gach leas a bhaint as deiseanna, ar bhonn áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Tábhacht an Ealaíontóra

Aithníonn Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo gur saibhre i bhfad é saol cultúrtha an chontae a bhuí le healaíontóirí (de chuile chineál). Buntáiste mór atá ag an gcontae seo againne is ea raon leathan, caighdeán, éagsúlacht agus taithní na n-ealaíontóirí atá ag cur fúthu agus ag obair i Maigh Eo, idir ealaíontóirí seanbhunaithe agus ealaíontóirí ag teacht chun cinn.



# Aidhmeanna, Cuspóirí agus Bearta Straitéiseacha

Cuimsíonn na haidhmeanna straitéiseacha a leanas na cuspóirí ábhartha straitéiseacha leagtha amach i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2015-2019: Infheistíocht inár Muintir. Tiomantas dár bPobal; agus beartais Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020 a bhaineann leis na healaíona.
(féach Aguisín 6)

Ceardlann sna hAmharcealaíona & Teicstílí leis an ealaíontóir Breda Murphy, Bealtaine 2013.
Grianghrafadóir: Heverin Print.

# Aidhm Straitéiseach 1

# Abhcóideacht, Cur chun cinn, agus Feasacht

Cuid mhór d'obair Sheirbhís Ealaíon an Chontae fós is ea córais straitéiseacha a fhorbairt chun eolas faoin earnáil ealaíon i gcoitinne laistigh agus lasmuigh den chontae a chraobhscaoileadh. Is é bun agus taca rathúlacht agus inbhuanaitheacht na seirbhíse ná go bhfuil an pobal agus lucht spéise ábhartha ar an eolas faoi imeachtaí, féilte, tionscadail, agus cláir. Tá sé fíorthábhachtach freisin go scaiptear an scéal níos faide i gcéin faoin sárobair atá ar bun i Maigh Eo ionas go n-aithnítear Maigh Eo mar mhol cruthaitheachta san iarthar.

## Cuspóirí:


- SEIRBHÍS CHUIMSITHEACH EOLAIS A CHUR AR FÁIL, ATÁ NASCTHA LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA ÁBHARTHA.
- OBAIR NA SEIRBHÍSE EALAÍNE AGUS NA HEARNÁLA EALAÍON I GCOITINNE A CHUR CHUN CINN SA CHONTAE, SA RÉIGIÚN, SA TÍR, AGUS NÍOS FAIDE I GCÉIN NUAIR IS CUÍ.
- CÓRAIS ATÁ ÁBHARTHA DON ÚSAIDEOIR A FHORBAIRT CHUN EOLAS A SCAIPEADH CHUIG AN LUCHT SPÉISE I GCEIST.


## Bearta a leanfaimid ar aghaidh leo:


— 1.1. Suíomh idirlín na Seirbhíse Ealaíon a fhorbairt agus a mhéadú.
— 1.2. Faisnéis a chraobhscaoileadh trí nuachtlitreacha ar líne, ríomhphoist chuimsitheacha, an preas agus na meáin, ar phóstaeir, ar raidió, agus ar na meáin shóisialta.
— 1.3. Leas a bhaint as caidrimh agus líonraí seanbhunaithe chun faisnéis a scaipeadh a fhairsinge agus is féidir. Labhrófar le teagmhálaithe sainiúla agus eagraíochtaí sonracha ealaíon chuige sin: publicart.ie, visualarists.ie, agus Create, mar shampla. Culture Fox
— 1.4. Eolas a fhoilsiú faoi thionscnaimh, tionscadail, agus cláir atá ar thús cadhnaíochta ina réimsí féin, ealaín phoiblí san áireamh.
— 1.5. Íomhá Mhaigh Eo a threisiú agus an contae a chur chun cinn i gcéin is i gcóngar mar mhol cruthaitheachta agus ealaíon.
— 1.6. Lántairbhe a bhaint as gach deis chun saothar ealaíontóirí Mhaigh Eo a chur i lár an aonaigh.
— 1.7. Ár gcuid ábhar clóite ar fad a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon.
— 1.8. Obair le hAmharcealaíontóirí Éireann chun saothar ealaíontóirí Mhaigh Eo a chur chun cinn.

## Bearta úra:

— 1.9. Straitéis mhargaíochta agus chumarsáide a fhorbairt chun daoine óga a mhealladh isteach.
— 1.10. Oiliúint shonrach i gcúrsaí margaíochta agus caidrimh phoiblí a chur ar fáil d'ealaíontóirí, eagraíochta agus féilte.
— 1.11. Obair i gcomhpháirt le Mayo.ie chun féilire d'imeachtaí a chruthú a thaispeánfaidh cláir na Seirbhíse Ealaíon agus na n-ionad ealaíon i Maigh Eo.
— 1.12. Treoracha agus faisnéis shoiléir a fhoilsiú ar an suíomh idirlín maidir le huirlisí margaíochta agus le teagmhálaithe a bhíonn ag plé leis na healaíona ar bhonn áitiúil agus náisiúnta – lucht na meán, léirmheastóirí agus gréasáin – a chuideoidh le himeachtaí a fhógairt agus a chur chun cinn.
— 1.13. Bunachar sonraí a thiomsú d'ealaíontóirí Mhaigh Eo go léir, de chuile chineál, a úsáidfear chun saothar an raidhse ealaíontóirí gairmiúla sa chontae a chur chun cinn agus chun ardán a thabhairt dóibh faisnéis fúthu féin agus a gcuid portfóilíonna srl. a roinnt.
— 1.14. Catalóg Bhailiúchán reatha Chontae Mhaigh Eo a nuashonrú agus í a chur ar fáil ar líne, maille le faisnéis ar na háiteanna a bhfuil na píosaí ealaíne ar fáil faoi láthair.


INFORMATION & ADVICE


EDUCATION & AWARENESS


PROMOTION & PR



# Aidhm Straitéiseach 2

# Lucht spéise, Rochtain & Rannpháirtíocht

**Meon cuimsitheach agus neamh-éilíteach atá ag an tSeirbhís Ealaíon, treoraithe ag prionsabail an ionchuimsithe shóisialta atá i gcroílár Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Leanfaidh an tSeirbhís Ealaíon ar aghaidh ag mealladh daoine nua chuig na healaíona trí chláir straitéiseacha – idir ealaíonta agus gheografacha – a cheapadh. Is fearr an tuiscint agus an rochtain atá ag an bpobal ar na healaíona de thoradh an tacaíocht a thugtar do thionscnaimh, féilte ag us imeachtaí d'ardchaighdeán ar fud an chontae.**

## Cuspóirí:

- TUILLEADH DEISEANNA A THABHAIRT DO PHÁISTÍ AGUS DAOINE ÓGA A BHEITH PÁIRTEACH SNA HEALAÍONA, AGUS A RANNPHÁIRTÍOCHT IONTU A MHÉADÚ.
- A CHINNTIÚ GO BHFÉACHFAR I NDIAIDH NA BPRÍOMH-SPRIOCGHRÚPAÍ SA CHONTAE, LENA N-ÁIRÍTEAR DAOINE BREACAOSTA, DAOINE FAOI MHÍCHUMAS, GRÚPAÍ ILCHULTÚRTHA AGUS GRÚPAÍ IMEALLAITHE.
- AN CLÁR EALAÍNE POIBLÍ A ÚSÁID CHUN DEISEANNA ILCHINEÁLACHA I SUÍOMHANNA ÉAGSÚLA A THABHAIRT DO DHAOINE TEACHT AR NA HEALAÍONA.
- RANNPHÁIRTÍOCHT POBAL AGUS NA HEARNÁLA DEONAÍ EALAÍON A LORG LE HAGHAIDH TIONSCNAMH FORBARTHA AR LEITH.
- CAIDRIMH IDIR POBAIL AGUS NA SOLÁTHRÓIRÍ ÁITIÚLA EALAÍON ACU A CHOTHÚ.
- TIONSCADAIL MHÓRA CHOMHTHÁITE EALAÍON A FHORBAIRT A THAISPEÁNANN SÁRCHLEACHTAS EALAÍON CHOMH MAITH LE MEON AN PHOBAIL I LEITH NA N-EALAÍON AGUS AN TAITHÍ ATÁ ACU ORTHU A FHEABHSÚ.

## Bearta a leanfaimid ar aghaidh leo:

— 2.1. Téatar Óige Mhaigh Eo a fhorbairt.
— 2.2. Clár taispeántais do scoileanna a reáchtáil.
— 2.3. Clár bliantúil cuí a fhorbairt agus a eagrú; lethéidí EXCEL – clár ealaíon don óige ina gcuirtear tacaíochtaí sainiúla ar fáil do dhaoine óga atá páirteach sna healaíona, agus Bealtaine – clár do dhaoine breacaosta a bhíonn ar siúl i mí na Bealtaine.
— 2.4. Tacaíochtaí straitéiseacha a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas tríd an gclár UPST**ART** agus eile, ag cuidiú leo páirt a ghlacadh sna healaíona mar rannpháirtithe agus mar lucht spéise araon.
— 2.5. Tacaíocht, i bhfoirm Deontais faoin Acht Ealaíon, a chur ar fáil do phobail áitiúla chun cuidiú leo a gcuid féilte agus imeachtaí ealaíon féin a eagrú. Áirítear leis seo féilte ealaíon i gceantair Ghaeltachta, féilte a reáchtáiltear trí mheán na Gaeilge agus cláir d'imeachtaí ealaíon i nGaeilge – Ceol na Locha agus Scoil Acla mar shampla. (Féach Aguisín 8: Faighteoirí Deontas faoin Acht Ealaíon)
— 2.6. Tacaíocht a thabhairt d'Artsquad Mhaigh Eo chun oibrithe inniúla sna healaíona pobail a thraenáil agus chun imeachtaí pobalbhunaithe ealaíon a éascú sa chontae.
— 2.7. Ealaíontóirí den chéad scoth a thabhairt isteach chun obair le pobail ar leith mar chuid de chlár na healaíne poiblí.
— 2.8. Tacaíocht i bhfoirm faisnéise a chur i dtoll a chéile le haghaidh féilte agus grúpaí pobail i Maigh Eo. Tabharfar eolas ar mhaoinú, bolscaireacht, bainistíocht imeachtaí líonrú, agus tuilleadh nach iad.
— 2.9. Tionscnaimh a spreagadh a thugann deis do dhaoine dífhostaithe páirt a ghlacadh sna healaíona trí bhíthin na n-ionad agus na gclár atá ann cheana féin, agus an earnáil amaitéarach.
— 2.10. Oibriú le páirtnéirí straitéiseacha, nuair is féidir, chun modhanna iompair chuig imeachtaí a chur ar fáil, agus ionaid a spreagadh le hacmhainní a roinnt agus modhanna iompair a chur ar fáil chuig imeachtaí a eagraítear le chéile.

## Bearta úra:

— 2.11. Beartas a cheapadh i ndáil le héagsúlacht chultúrtha agus méadú rochtana agus cuimsitheachta.
— 2.12. Saothrú le haird an phobail a tharraingt ar na tionscnaimh a chuimsíonn mionlaigh go háirithe.
— 2.13. Grúpa líonraithe a chur ar bun do ghrúpaí agus daoine aonair a bhíonn ag plé le cúrsaí míchumais, sa chaoi is gur féidir leo aithne a chur ar a chéile agus obair lena chéile.
— 2.14. Taispeántas nua do scoileanna a cheannach agus a choimeád agus acmhainní ábhartha nua do mhúinteoirí agus scoláirí a fhorbairt. Féach chuige go gcuimsíonn an taispeántas seo saothair sna meáin úra agus saothair dhigiteacha.
— 2.15. Saothar nua a cheannach ó ealaíontóirí Mhaigh Eo chun taispeántais nua a chruthú a chuirfear ar fáil d'ionaid agus do ghrúpaí pobail le haghaidh taispeántais ghearrthéarmacha.
— 2.16. A chinntiú go bhfuil éagsúlacht léirithe ar phainéil roghnúcháin.
— 2.17. Suíomhanna idirlín ar nós www.mayo-upstart.ie agus www.northmayoarttrail.com a lua agus a chur chun cinn a mhinice agus is féidir chun tuilleadh cuairteoirí a mhealladh chucu.
— 2.18. An Líonra Rannpháirtíochta Pobail a choinneáil ar an eolas trí mhíreanna rialta nuachta a chur chucu agus cuir i láthair a dhéanamh dóibh, agus déanfar amhlaidh le heagraíochtaí eile nuair is féidir agus nuair a iarrtar é.

## Aidhm Straitéiseach 3

# Comhpháirtíocht & Líonrú

**Beidh comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile ríthábhachtach do rath agus tionchar leanúnach na seirbhíse amach anseo. Tá comhpháirtíochtaí fóinteacha oibre forbartha ag an tSeirbhís Ealaíon le raidhse gníomhaireachtaí ilchineálacha go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (Féach Aguisín 9: Comhpháirtíochtaí). Bhí an obair chomhpháirtíochta seo lárnach do chumas Mhaigh Eo tionscnaimh thaighde agus forbartha a reáchtáil, a leithéidí nach bhfeictear lasmuigh de na príomhchathracha de ghnáth. Cuireann sé go mór freisin le himeascadh na n-ealaíon, agus de thoradh na n-acmhainní a cuireadh ar fáil do na healaíona tá an-dul chun cinn déanta i réimsí ar leith – na healaíona & cúrsaí sláinte, oideachas, scannánaíocht, ealaín phoiblí, na healaíona do dhaoine faoi mhíchumas, daoine óga, agus ealaíona pobail ina measc .**

## An Chomhairle Ealaíon:

Faigheann Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, formhór na n-ionad ealaíon agus sciar mhaith de na féilte, imeachtaí, ealaíontóirí agus tionscnaimh sa chontae tacaíocht ríthábhachtach ón gComhairle Ealaíon. Ina theannta sin, soláthraíonn an Chomhairle Ealaíon creat agus beartas náisiúnta d'fhorbairt na n-ealaíon.

## Cuspóirí:

- A CHINNTIÚ GO LUAITEAR NA HEALAÍONA I BPRÍOMHBHEARTAIS FORBARTHA AN CHONTAE.
- NA HACMHAINNÍ A CHUIRTEAR AR FÁIL DO NA HEALAÍONA I MAIGH EO A MHÉADÚ.
- DEA-CHLEACHTAS AGUS SÁRCHAIGHDEÁN A CHINNTIÚ TRÍ OBAIR CHOMHPHÁIRTÍOCHTA AGUS SAINEOLAS A ROINNT.
- TIONSCNAIMH INBHUANAITHE A SHOLÁTHAR.
- COMHTHÁTHÚ AGUS COMHOIBRIÚ A ÚSÁID AR MHAITHE NA N-EALAÍON A FHAD AGUS IS FÉIDIR.

Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas 2012, Ócáid Tosaigh, Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh.





## Leanfaimid orainn ag obair i gcomhpháirt le:

— 3.1. An Chomhairle Ealaíon ar thionscnaimh náisiúnta ábhartha.
— 3.3. Cumann Cúraim an Iarthair, Crann Mór, agus Tacú, chun LUISNE - clár ealaíon do dhaoine faoi mhíchumas – a reáchtáil (féach www.artluisne.ie).
— 3.4. Ionaid ealaíon i Maigh Eo chun an tseirbhís do phobail a choinneáil agus chun deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí trí oiliúint agus cláir. Leanfaimid orainn ag tacú le hionaid ealaíon le maoiniú comhpháirtíochta agus tacaíochtaí ábhartha eile.
— 3.5. Intreo, chun tacaíocht a thabhairt d'Artsquad Mhaigh Eo agus seirbhís na n-ealaíon pobail.
— 3.6. Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Mhaigh Eo chun an clár Music Generation a sholáthar.
— 3.7. Oifig Fiontair Áitiuil Mhaigh Eo; na stiúrthóireachtaí Cumarsáide, Córais Faisnéise agus Forbartha Corparáidí de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo; an Rannóg Pleanála, an Rannóg um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Pobail, na Ceantair Bhardasacha, na Leabharlanna agus rannóga eile de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun cuspóirí coiteanna a bhaint amach.
— 3.8. Arts & Disability Ireland, chun tacaíochtaí leanúnacha agus comhairle a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.
— 3.9. Aostacht agus Deiseanna.
— 3.10. Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe.
— 3.11. Amharcealaíontóirí Éireann, Create, agus eagraíochtaí náisiúnta ealaíon eile.
— 3.12. Líonraí a fhorbairt le hinstitiúidí tríú léibheál ar fud na tíre, ach go háirithe GMIT.
— 3.13. Éire Ildánach, Maigh Eo.
— 3.14. Leanúint ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí Gaeilge chun tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí agus tionscnaimh ealaíne trí mheán na Gaeilge. Áirítear orthu seo Údarás na Gaeltachta agus Gnó Mhaigh Eo.
— 3.15. Obair i gcomhar le hAmharcealaíontóirí Éireann chun deiseanna oiliúna a fhorbairt d'ealaíontóirí Mhaigh Eo agus chun deiseanna agus ealaíontóirí bunaithe i Maigh Eo a chur chun cinn.
— 3.16. Obair i gcomhar le gníomhaireachtaí óige, eagraíochtaí oideachais agus ionaid oideachais chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga agus rannpháirtíocht daoine óga a mhéadú.
— 3.17. Comhpháirtíochtaí úra straitéiseacha a fhorbairt de réir mar is gá chun ár gcuid cuspóirí a bhaint amach.

## Bearta úra:

— 3.18. Deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí, grúpaí, agus eagraíochtaí líonraí a chruthú agus deiseanna comhpháirtíochta a mhéadú ar bhonn áitiúil agus náisiúnta araon.
— 3.19. Obair i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile lena chinntiú go bhfuil tionscadail ealaíon d'ardchaighdeán i measc imeachtaí ceiliúrtha an chéid atá fós ar siúl.
— 3.20. Obair i gcomhar le Rannóg na nAiltirí de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun tionscnaimh straitéiseacha a cheapadh a ardaíonn feasacht an phobail ar ailtireacht sa réimse poiblí. Sampla de seo is ea 'Free Market; Irish Pavillion at Venice Architecture Biennale project' agus gach ar bhain leis, i mBaile an Róba.
— 3.21. Taifead a choinneáil air agus bolscaireacht a dhéanamh ar son an tionscadail 'Hearth', atá maoinithe ag Éire Shláintiúil 2018. Úsáidfear é lena mholadh go reáchtáiltear tionscnaimh den chineál seo ar bhonn níos fairsinge agus níos fadtéarmaí.
— 3.22. Obair i gcomhar leis an rannóg turasóireachta chun deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí feadh slite úra siúil agus rothaíochta, chomh maith le rochtain ar ealaín phoiblí a mhéadú, cothabháil ealaíne poiblí a fheabhsú, agus na healaíona a chur chun cinn.
— 3.23. Dul i muinín na comhpháirtíochta agus an chomhoibrithe chun gach deis a eascraíonn as Gaillimh2020 a thapú ar son ealaíontóirí Mhaigh Eo – beag beann ar an gcineál ealaíne a chleachtann siad.
— 3.24. Déanamh cinnte go bhfuil imeachtaí ealaíon mar chuid de Straitéis Comórtha an Chéid de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

PROFESSIONAL DEVELOPMENT SUPPORTING ARTISTS SUPPORTING VENUES

# Aidhm Straitéiseach 4
# Acmhainn a fhorbairt

Tacaíonn Seirbhís Ealaíon an Chontae le forbairt scileanna agus acmhainne ealaíontóirí, grúpaí ealaíon, agus eagraíochtaí ealaíon ar mhaithe le hardchaighdeáin a choimeád agus a fheabhsú. Tacaíonn an tSeirbhís le forbairt agus cleachtadh ealaíontóirí gairmiúla chomh maith. I measc na modhanna forbartha acmhainne againne, tá: deontais, duaiseanna agus sparánachtaí, oiliúint, forbairt ghairmiúil agus oiliúint i scileanna ar leith. Tugtar deiseanna chun taithí ar leith a fháil, chomh maith le léachtaí, comhairle, nó gairmthreoir ó ealaíontóirí gníomhacha eile, a d'fhéadfadh tarlú i gcomhthéacs foirmiúil nó neamhfhoirmiúil.

## Cuspóirí:

- DEISEANNA FORBARTHA EALAÍNE GAIRMIÚLA A SHOLÁTHAR.
- DEISEANNA COITEANNA FOGHLAMA AGUS ROINNT SCILEANNA A CHUR AR FÁIL.
- TACAÍOCHT A THABHAIRT D'EALAÍONTÓIRÍ, OIBRITHE SNA HEALAÍONA, AGUS EAGRAÍOCHTAÍ EALAÍON SCILEANNA A FHORBAIRT AGUS OILIÚINT A FHÁIL TOISC GO SPREAGANN, FEABHSAÍONN AGUS CUIREANN SÉ GO MÓR LEIS AN EARNÁIL.
- BREIS FORBARTHA A DHÉANAMH AR NA PRÓISIS CHOIMISIÚNAITHE, OIDEACHAIS AGUS FOR-ROCHTANA, AGUS RANNPHÁIRTÍOCHTA LE HAGHAIDH NA HEALAÍNE POIBLÍ.
- TACAÍOCHTAÍ A THABHAIRT D'ACMHAINNÍ PRAITICIÚLA D'EALAÍONTÓIRÍ.
- 

## Bearta a leanfaimid ar aghaidh leo:

— 4.1. Raon tacaíochtaí a chur ar fáil d'ealaíontóirí i bhfoirm gradam, sparánachtaí agus deontas, lena n-áirítear Sparánachtaí Tyrone Guthrie le haghaidh ealaíontóirí de chuile chineál agus ceann ar leith do scannánóirí; Deontais don Drámaíocht Amaitéarach; Deontais na nAmharcealaíon; agus Deontais Cúnaimh um Thaifeadadh Ceoil.
— 4.2. Ceardlanna oiliúna agus scileanna d'ealaíontóirí agus oibrithe ealaíon a fhorbairt agus a sholáthar.
— 4.3. Cónaitheachtaí ina n-oibrítear leis an bpobal a eagrú d'ealaíontóirí trí Chlár na hEalaíne Poiblí agus clár bliantúil na hOifige Ealaíon.
— 4.4. Deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí oibriú as lámh a chéile agus le pobail.
— 4.5. Clár um scríbhneoir cónaithe – dátheangach más féidir – a reáchtáil gach bliain chun tacaíocht a thabhairt do scríbhneoirí agus grúpaí scríbhneoirí sa chontae, agus/nó chun tograí forbartha gairmiúla a sholáthar lena n-áirítear deiseanna líonraithe agus comhoibrithe.
— 4.6. Ceardlanna agus máistir-ranganna sainiúla agus oiliúint a sholáthar trí EXCEL – an Clár Ealaíon don Óige – chun bunscileanna daoine óga a threisiú agus chun cur le agus tacaíocht a thabhairt do chláir leanúnacha na n-ionad ealaíon.
— 4.7. Deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí ag teacht chun cinn seal a chaitheamh ag leanúint, nó meantóireacht a fháil, ó ealaíontóirí seanbhunaithe a bhfuil seantaithí acu. Déanfar amhlaidh tríd an gClár Ealaíne Poiblí.
— 4.8. Raon tacaíochtaí a sholáthar d'ealaíontóirí gairmiúla faoi mhíchumas chun rochtain a fheabhsú.
— 4.9. Pacáistí forbartha gairmiúla a chur ar fáil d'ealaíontóirí de chuile chineál, cosúil leis na cúrsaí a leanas a reáchtáladh le deanaí: láimhseáil ealaíne, maoiniú a fháil do thionscadail, scríobh tograí, agus obair le teicneolaíochtaí nua.
— 4.10. Líonra Ealaíontóirí Mhaigh Eo a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil earnáil na n-amharcealaíon ar an eolas faoi dheiseanna, coimisiúnaithe, imeachtaí agus oiliúint. Deiseanna neamhfhoirmiúla líonraithe a chur ar fáil.
— 4.11. Coimeádaithe agus daoine gairmiúla mór le rá in earnáil na n-ealaíon, a bhfuil taithí fhairsing acu, a thabhairt go Maigh Eo chun bualadh le healaíontóirí agus cuairt a thabhairt ar stiúideonna.

## Bearta úra:

— 4.12. Laethanta eolais nó tacaíochta a chur ar fáil d'ealaíontóirí de gach saghas ealaíne inar féidir leo cuairt a thabhairt ar an tSeirbhís Ealaíon, agus tacaíocht nó eolais duine le duine a fháil i ndáil lena gcuid smaointe nó iarratas.
— 4.13. Cur i láthair a dhéanamh gach bliain do chéimithe áitiúla ealaíon ó GMIT maidir leis an tSeirbhís Ealaíon agus leis an infrastruchtúr agus líonraí ealaíon atá sa chontae.
— 4.14. An suíomh idirlín nua a úsáid chun tacaíocht a thabhairt do chlár UPSTART i dtreo iarratais a mhéadú, rannpháirtithe nua mhealladh, agus cláir úra oibre a spreagadh.
— 4.15. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Ealaíne Poiblí lena nuashonrú agus a chur in oiriúint do Threoracha nua na Comhairle Ealaíon agus Treoracha le haghaidh Céadatán ar son na hEalaíne.
— 4.16. Tacaíochtaí straitéiseacha nua a cheapadh d'ionaid ealaíon, ag úsáid na n-acmhainní go léir atá ar fáil chun leasa na gclár acu agus chun dúbláil sna cláir a sheachaint.
— 4.17. Obair i gcomhar leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun tacaíochtaí, scileanna, agus oiliúint i gcúrsaí gnó a chur ar fáil d'ealaíontóirí chun tacú lena gcleachtadh.
— 4.18. Compántais ghairmiúla téatair a spreagadh i Maigh Eo chun an t-easnamh mór sa chineál compántais seo sa chontae a réiteach.
— 4.19. Obair go straitéiseach le páirtnéirí chun oiliúint agus deiseanna i gcleachtais ealaíne atá in easnamh sa chontae faoi láthair a spreagadh, damhsa comhaimseartha go háirithe.



# Aidhm Straitéiseach 5
## Deiseanna san earnáil chruthaitheach níos leithne a fhorbairt

Tugtar aitheantas forleathan anois do ról lárnach na n-ealaíon sna Tionscnaimh Chruthaitheacha agus Chultúrtha (TCC) agus sa Turasóireacht Chultúrtha. Níl na meicníochtaí idirbheartaíochta idir ealaíontóirí/TCCanna agus an tionscal níos leithne chomh follasach céanna, áfach. Tá teorainn le líon na ndeiseanna agus na spásanna ann le haghaidh comhoibriú idirdhisciplíneach. Tá acmhainn forbartha ollmhór sa réimse seo i gcontae Mhaigh Eo, áit a bhfuil pobal bríomhar ealaíontóirí ag gabháil dá gceirdeanna, áit a bhfuil meas ar an gcruthaitheacht, agus a bhfuil líonraí den scoth ar bun cheana féin. Tá tionscnaimh nua ar siúl cheana féin i Maigh Eo a aithníonn an chruthaitheacht mar thréith fíorthábhachtach le haghaidh seiftiúlacht agus fiontraíocht a fhorbairt i ndaoine, agus go gcuireann an chruthaitheacht ar chumas daoine óga a bheith solúbtha agus iad ag dul i ngleic le dúshláin eacnamaíochta sna blianta amach romhainn. Aithnítear go forleathan go bhfuil oideachas maith i gcúrsaí ealaíne agus cultúrtha in ann feabhas a chur ar chumas coinneála airde, ar smaoineamh as an ngnách, smaoineamh neamhbhriathartha, dúil sa taiscéalaíocht, samhlaíocht agus úrmhaireacht i scoláirí.

## Cuspóirí:


- LÍONRAÍ IDIR EALAÍONTÓIRÍ/ EAGRAÍOCHTAÍ EALAÍON AGUS TCCANNA, GNÍOMHAIREACHTAÍ FORBARTHA, AGUS NA HEARNÁLACHA NUÁLAÍOCHTA AGUS TURASÓIREACHTA A CHRUTHÚ AGUS A THREISIÚ.
- MALARTUITHE TÁBHACHTA IDIRDHISCIPLÍNEACHA A ÉASCÚ.
- DEISEANNA A CHRUTHÚ D'EALAÍONTÓIRÍ TRIAIL A BHAINT AS TEICNEOLAÍOCHTAÍ ÚRA.
- AN FÓD A SHEASAMH DON RÓL RÍTHÁBHACHTACH ATÁ AG OIDEACHAS EALAÍON D'ARDCHAIGHDEAN SA SAOL SÍORAITHRAITHEACH SEO.

## Bearta a leanfaimid ar aghaidh leo:

— 5.1. Obair leis na contaetha máguaird agus Coimisiún Forbartha an Iarthair chun gach leas agus is féidir a bhaint as an bhfoghlaim choiteann agus as buntáistí na TCCanna ar bhonn réigiúnach.
— 5.2. An earnáil scannánaíochta a fhorbairt trí thacaíochtaí agus comhairle shaincheaptha a chur ar fáil agus Film Mayo a chur chun cinn www.filmmayo.ie.
— 5.3. Obair i gcomhar le heagraíochtaí eile chun deiseanna a chur ar fáil a ligean d'ealaíontóirí oibriú le disciplíní eile (eolaíocht/ teicneolaíocht/ dearadh/ ailtireacht srl).
— 5.4. Naisc idir ealaíontóirí agus gnólachtaí ábhartha áitiúla a fhorbairt.
— 5.5. Deiseanna agus comhshaothair rathúla a spreagadh trí thionscnaimh Sheachtain Smaointeoireachta Mhaigh Eo.

## Bearta úra:

— 5.6. Deiseanna a fhorbairt le haghaidh comisiúnuithe san ealaín dhigiteach agus teicneolaíochtaí úra go háirithe, le béim ar leith ar an bpróiseas, ar nuálaíocht agus ar thástáil.
— 5.7. Acmhainn soláthair stiúideonna agus spásanna oibre cruthaithí i ngnólachtaí agus tionscnaimh chruthaitheachta a fhiosrú, agus tograí den chineál sin a chur chun cinn, lena n-áirítear cónaitheachtaí gearrthéarmacha d'ealaíontóirí.
— 5.8. Tacaíocht a thabhairt don earnáil scannánaíochta trí Chiste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (WRAP) a chur chun cinn.
— 5.9. Maoiniú a fháil chun Oifigeach Scannánaíochta lánaimseartha a fhostú chun gach bunáiste agus is féidir a bhaint as an earnáil seo i gContae Mhaigh Eo (le faomhadh ag CBS).



# Monatóireacht agus Measúnacht:

Mar aonad gairmiúil, déanann Seirbhís Ealaíon an Chontae athbhreithniú rialta ar a cuid oibre ar fad. Bunaítear aon athruithe d'obair na seirbhíse ar an athbhreithniú seo, mar aon le heolas riachtanach ar chúrsaí athraitheacha ealaíon go náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bailíonn an tSeirbhís Ealaíon seo faisnéis chainníochtúil: líon na ndeontas a dháiltear, líon na n-úsáideoirí seirbhíse againn, líon na ndaoine a fhreastlaíonn ar imeachtaí agus féilte srl. Iarrtar an saghas faisnéise cainníochtúla seo ó fhaighteoirí deontas chomh maith, eagraíochtaí comhpháirtíochta ealaíon san áireamh.

Cruinníonn an tseirbhís faisnéis cháilíochtúil freisin nuair is féidir: faisnéis i dtaobh tionchair fhadtéarmacha, forbairt phearsanta, dul chun cinn déanta de thoradh chláir na seirbhíse, agus aiseolas pearsanta a fhaightear ó fhoirmeacha, ceistneoirí, agallaimh agus taifeadaí duine le duine.

Déanfar athbhreithniú rialta ar na bearta leagtha amach sa phlean seo agus coinneofar súil ar dhul chun cinn ina leith. Roinnfear an t-eolas seo leis an Stiúrthóir Seirbhíse le haghaidh Cumarsáide, Córais Faisnéise agus Forbairt Chorparáideach, agus déanfaidh an Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le Cultúr, Oideachas, Oidhreacht, Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Éigeandála monatóireacht air. Déanfar tuairiscí rialta ar bhearta a bhaineann le comhpháirtíochtaí – is coinníoll den chistiú é seo i bhformhór na gcásanna.

## Buíochas:

**Gabhaimid buíochas ó chroí le:**


CATHAOIRLEACH AGUS COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO.

CATHAOIRLEACH AGUS BAILL AN CHOISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA MAIDIR LE CULTÚR, OIDEACHAS, OIDHREACHT, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA AGUS SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA.

AN tUASAL PEADAR Ó HEIDHIN, PRÍOMHFHEIDHMEANNACH; MS JOANNE GREHAN, STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ; AN tUASAL LIAM HANRAHAN, STIÚRTHÓIR GNÍOMHACH AR CHUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE AGUS FORBAIRT CHORPARÁIDEACH; STIÚRTHÓIRÍ SEIRBHÍSÍ AGUS FOIREANN CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO.

GACH DUINE A GHLAC PÁIRT SA PHRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁN DON PHLEAN SEO, DAOINE A CHUIR AIGHNEACHTAÍ FAOINÁR MBRÁID AGUS POBAL EALAÍON MHAIGH EO.

FOIREANN EALAÍON MHAIGH EO:
GAYNOR SEVILLE, OIFIGEACH EALAÍON GNÍOMHACH.
AOIFE O'TOOLE, OIFIGEACH EALAÍON CÚNTA.
ORLAGH HEVERIN, OIFIGEACH EALAÍON CÚNTA.
DAMIEN O'CONNOR, COMHORDAITHEAR NA NEALAÍON DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS.
MICK SMYTH, COMHORDAITHEOIR ARTSQUAD.





Arts Squad Mhaigh Eo, Tionscadal Ealaíne OnSight 2017,
Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe.
Grianghrafadóir: Phocus Photography.





# Aguisíní


Mayo Arts Service


# Aguisín 1: Léaráid den tSeirbhís Ealaíon



INFORMATION & ADVICE



EDUCATION & AWARENESS



SUPPORTING ARTISTS



PRESENTING BEST PRACTICE



ENCOURAGING INNOVATION







PUBLIC ART


PROMOTION & PR


AWARDS & FUNDING


SUPPORTING VENUES


DEVELOPING NEW AUDIENCES


PROFESSIONAL DEVELOPMENT

# Aguisín 2:
# An tSeirbhís Ealaíon

Mayo Arts Service

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo – forbhreathnú
Titeann na réimsí a leanas faoi scáth Sheirbhís Ealaíon an Chontae:

- Faisnéis agus Comhairle.
- Oiliúint agus forbairt ghairmiúil.
- Tacaíocht do láithreacha agus Maoiniú Comhpháirtíochta.
- Artsquad Mhaigh Eo.
- An Clár um Ealaíona sa Chóras Oideachas.
- An Clár um Ealaíona & Cúrsaí Sláinte.
- Na hEalaíona do Dhaoine Scothaosta (Clár Bealtaine san áireamh).
- Téatar Óige Mhaigh Eo.
- Clár Ealaíne Poiblí (áirítear leis seo Bailiúchán Chomhairle Contae Mhaigh Eo, % ar son na healaíne, agus coimisiúin de gach cineál agus i ngach réimse).
- Deontais/ Gradaim agus Sparánachtaí.
- Deontais faoin Acht Ealaíon (maoiniú curtha ar fáil do phobail le haghaidh féilte agus tionscnaimh ealaíon).
- Clár Ealaíon do Dhaoine faoi Mhíchumas – LUISNE www.artluisne.com, UPSTART www.mayo-upstart.ie
- Clár Ceoil, lena n-áirítear Music Generation.
- Litríocht (lena n-áirítear clár an scríbhneora cónaithe agus Lá Éigse Éireann).
- Ealaíona don Óige (lena n-áirítear EXCEL, an clár ealaíon do dhaoine óga).
- Oíche Chultúir.
- Film Mayo.

## Samplaí d'Obair na Seirbhíse Ealaíon:

### Litríocht

**Write Now (2017)**

Imeacht de chuid Sheirbhís Ealaíon Mhaigh Eo agus Film Mayo le haghaidh scríbhneoirí amaitéireacha nó seanbhunaithe inar díríodh ar thrí réimse scríbhneoireachta éagsúla maille le deiseanna meantóireachta a chur ar fáil. Éistíodh le cuir i láthair ó thriúr scríbhneoirí éagsúla: Elizabeth Reapy (scríbhneoir ficsin), Eugene O'Brien (scríbhneoir scripte) agus Eva O'Connor (drámadóir). Tugadh deis do scríbhneoirí Mhaigh Eo páirt a ghlacadh i seisiúin mheantóireachta duine le duine le ceann de na haíonna seo.

### Na hEalaíona & Cúrsaí Sláinte

**Hearth (2018)**

Tionscadal é seo ina dtugann ealaíontóirí cuairt ar dhaoine leochaileacha scothaosta nach mbíonn comhluadar acu go minic, lena chur ar a gcumas píosaí ealaíne a chruthú agus cleachtadh ealaíne a fhorbairt sa bhaile ar mhaithe lena sláinte intinne.

Tá fianaise ann a léiríonn go bhféadfadh an méid seo dul go mór chun tairbhe leas agus sláinte na rannpháirtithe, chomh maith le baic idir daoine agus rannpháirtíocht i gcúrsaí cultúir a shárú trí dheiseanna fiúntacha inrochtana a chur ar fáil. Cuireadh oiliúint speisialta ar roinnt ealaíontóirí bunaithe i Maigh Eo – i bhfoirm clár meantóireachta eagraithe ag an tSeirbhís Ealaíon – le hobair go sonrach leis an spriocghrúpa seo, agus tá taithí den scoth faighte acu ag obair le daoine scothaosta leochaileacha in Aonaid Chúraim agus Altranais ar fud an chontae. Faoi scáth na scéime seo, téann sárealaíontóirí isteach i dtithe na ndaoine is lú ábalta teacht ar na seirbhísí agus na dtacaíochtaí atá ar fáil, agus déantar cinnte go gcloistear na glóir atá acu.

### Artsquad Mhaigh Eo

**On Sight (clár bliantúil)**

Slí ealaíne a thógtar gach bliain ar thailte Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, i dTurlach. Toradh comhpháirtíochta idir an músaem, Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo agus Artsquad é seo. Iarrann sé ar ealaíontóirí saothair shealadacha ealaíne a chruthú le haghaidh suíomh ar leith, ag tabhairt ionspioráide go minic ó théamaí reatha na dtaispeántas laistigh den mhúsaem. Tugann se deiseanna oibre do bhaill Artsquad agus d'ealaíontóirí gairmiúla bunaithe i Maigh Eo chomh maith. https://www.museum.ie/Country-Life/Country-Life-Projects/On-Sight

### Partnership

**Archiving Activism (2017)**

Aostacht agus Deiseanna, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae Shligigh, Áras Inis Gluaire agus Model Niland.

Fuair Breda Burns, ealaíontóir as Contae Mhaigh Eo, coimisiún ó Fhéile Bealtaine i gcomhpháirt le Serbhís Ealaíon Shligigh agus Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo, chun saothar fuaime agus raidió a chruthú. Rinneadh tagairt sa saothar don chomhghníomhaíochais, a bhí mar bhunthéama Bealtaine 2017. Ba é an freagra a thug Breda ar an gcoimisiún ná cartlann a thug aitheantas do na ceannródaithe i saol na n-ealaíon a chur i dtoll a chéile: sraith agallamh a thaifeadadh agus a chraoladh ar raidió áitiúil mar aon le cnuasach earraí a bhain le gluaiseacht na n-ealaíontóirí i Sligeach agus Maigh Eo sna 1970í agus 1980í a thaispeáint sa dá chontae sin. Ina theannta sin, scríobh an t-údar Brian Leyden téacs dar teideal 'Archiving Activism Manifesto' agus an chartlann seo mar ionspioráid aige.



### Na hEalaíona do Dhaoine faoi Mhíchumas

**UPSTART (clár bliantúil)**

Ó 2010 i leith chaith an tSeirbhís Ealaíon a dúthracht le healaíontóirí, grúpaí daoine faoi mhíchumas, ionaid agus eagraíochtaí ealaíon a ghríosadh chun obair as lámh a chéile chun tionscnaimh ealaíon d'ardchaighdeán a fhorbairt. Tá páirt glactha ag daoine faoi mhíchumas de gach aois i dtionscadail a chuimsíonn raon leathan cineálacha ealaíon, rud a ardaíonn a bhfeasacht agus a rochtain ar na healaíona chomh maith lena gcuid scileanna a fheabhsú. Tá caidrimh fhadtéarmacha forbartha ag ionaid ealaíon ar fud an chontae le healaíontóirí agus grúpaí daoine faoi mhíchumas, agus bhí ról nach beag acu ach oiread i bhforbairt thionscnamh UPSTART. Seoladh suíomh idirlín in 2017 chun na tionscadail atá curtha i gcrích a chur chun cinn. www.mayo-upstart.ie

### Comóradh – 1916

**Paper Bloom (2016)**

Bhain Katie Moore, ealaíontóir de bhunadh Mhaigh Eo, cónaitheacht chomórtha 1916 a eagraíodh i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Ealaíon, an tSeirbhís Leabharlainne, agus Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Ba í aidhm na cónaitheachta seo deis a thabhairt d'ealaíontóir obair le Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh chun taighde agus machnamh a dhéanamh ar imeachtaí Éirí Amach na Cásca agus saothar nua ealaíne a chumadh dá bharr. Chaith Katie sé mhí ag obair leis an mbailiúchán agus i mbun teagmhála le daoine agus grúpaí áitiúla. Chruthaigh sí dhá thaispeántán a taispeánadh i ngailearaí na nOifigí Cathartha agus i mBailiúchán Sheáin Uí Chléirigh i mBéal an Átha, a chuimsigh 5,500 lile éadach déanta de láimh le cúnamh an phobail. Rinneadh taispeántán amháin díobh i gcruth agus i dtoisí an chillín inar coinníodh Pádraig Mac Piarais i ngéibheann. Cuireadh foilseachán i dtoll a chéile leis, agus seoladh ag deireadh na tréimhse taispeántais é. www.paperbloom.net

### Ealaíona don Óige

**EXCEL – Clár Ealaíon don Óige**
**Meeting of Minds (2017)**

Tháinig triúr saincleachtóirí téatair le chéile chun máistir-rang comhpháirtíochta aonlae a chur ar fáil do na grúpaí éagsúla drámaíochta agus amharclannaíochta óige i Maigh Eo. Ba iad na grúpaí a ghlac páirt ann: Téatar Óige Mhaigh Eo (Béal an Átha), Téatar Óige Floating Islands (Cathair na Mart), Acting for Fun (Caisleán an Bharraigh), agus Baill Óga Chumann Drámaíochta Chlann Machua (Coillte Mach).

Thug na máistir-ranganna seo deis do na grúpaí éagsúla i Maigh Eo, agus a gcuid stiúrthóirí leo, scileanna nua a fhoghlaim ó shaineolaithe a gceirde. Thug sé deis dóibh chomh maith bualadh le daoine eile atá ag saothrú sa ghort seo, agus foghlaim óna chéile. Le seasca duine óg, ceathrar stiúrthóirí agus triúr éascaitheoirí i láthair, bhí lá beoga cruthaitheach acu.

### Clár na hEalaíne Poiblí

**Landmark (2012)**

Sraith coimisiún do Loch an Eanaigh, a chuimsigh saothair bhuana agus shealadacha, taibhléiriú, cónaitheacht agus sparánacht d'ealaíontóirí ag teacht chun cinn. Bhain sé an gearrliosta amach i ndá chatagóir le haghaidh Gradaim Allianz 'Business to Arts': an Úsáid is Fearr den Chruthaitheacht sa Phobal agus an Coimisiún is Fearr. www.landmarkpublicart.com

**Changing Tracks (2014)**

Tionscadal de chuid an AE a reáchtáladh sa Ríocht Aontaithe agus sa Chatalóin chomh maith inar chruthaigh ealaíontóirí i ngach ceann de na trí tír sin saothar sealadach bunaithe ar na seaniarnróid atá á dtiontú anois ina bealaí siúil agus rothaíochta sna trí cheantar sin. www.changingtracks.eu

**FIND (2014)**

Sraith coimisiún níos lú d'ealaíontóirí Mhaigh Eo ag teacht chun cinn. Eagraíodh i gcomhpháirt le hIonad Ealaíon Halla an Línéadaigh é agus bhí clár meantóireachta le healaíontóirí seanbhunaithe mór le rá mar chuid den tionscadal. I measc thorthaí an chláir bhí roinnt taispeántán sealadach, imeachtaí, taibhléirithe, stiúideonna ealaíontóirí poiblí, léachtaí srl. Bhuaigh FIND Gradam Allianz 'Business to Arts' in 2014 don Choimisiún is Fearr. www.findartproject.com

**Tír Sáile Residencies (2017)**

Trí chónaitheacht a raibh pobal Iorrais páirteach ann. Bhain siad go díreach le tionscadal bunaidh Thír Sáile sa chaoi is gur dhlúthchuid na gcónaitheachtaí ba ea taighde a dhéanamh ar na suíomhanna agus na ndaoine, agus bealaí úra chun tabhairt faoi ealaín phoiblí agus rannpháirtíocht an phobail a thriail. Eagraíodh siompóisiam mór mar chuid den tionscadal ina raibh léachtaí, cuir i láthair, seisiún ceisteanna agus freagraí, agus turas ar na seansaothair agus na saothair nua ar an tslí. www.northmayoarttrail.com

### Forbairt Ghairmiúil

Tugadh faoi chlár forbartha gairmiúla sa bhliain 2017. I measc na dtograí a eagraíodh bhí Bréagphainéal Ealaíne i gCaisleán an Bharraigh chun cuid den mhistéir a bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin a bhaint agus scileanna scríofa tograí a fheabhsú; cúrsa ar láimhseáil ealaíne i mBaile Chathail; léacht ó ealaíontóir a bhíonn ag plé le healaín dhigiteach i gCathair na Mart; cuir i láthair ar na bealaí is fearr chun maoiniú a fháil agus conas dul chun cainte le gailearaithe i gCaisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart; agus seisiúin mheantóireachta duine le duine le coimeádaí idirnáisiúnta mór le rá.

# Aguisín 3: Léarscáil d'Áiseanna Ealaíon i Maigh Eo






# Aguisín 4: An Próiseas Comhairliúcháin

## An próiseas comhairliúcháin ar tugadh faoi chun críocha an phlean seo:

**An Próiseas Comhairliúcháin le haghaidh Phlean Ealaíon 2017:**

Cruthaíodh dhá cheistneoir – ceistneoir ginearálta agus ceistneoir saincheaptha do dhaoine óga – ar líne ar Survey Monkey. Seoladh amach ar ríomhphost iad chuig:

- Foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Príomhfheidhmeannach, Comhairleoirí, Stiúrthóirí Seirbhíse agus Cinn Aonaid.
- Aonaid Altranais Phobail.
- Grúpaí Scríbhneoireachta.
- Grúpaí Drámaíochta Amaitéirí.
- Ionaid Ealaíon.
- Scannánóirí.
- Cumainn Ghníomhaíochta Lucht Scoir.
- Líonra Ealaíontóirí Mhaigh Eo.
- Grúpaí oibre LCDC.
- Comhairle na nDaoine Breacaosta.
- Cóir Mhaigh Eo.
- Brainsí de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.
- Rannpháirtithe Oíche Chultúir.
- Teagmhálaithe sonracha in earnálacha na n-ealaíon agus an oideachais.
- Féilte.

**Aighneachtaí faighte:**

Líon na gCeistneoirí don Phlean Ealaíon comhlánaithe - 91
Líon na gCeistneoirí Óige don Phlean Ealaíon - 42

Fógraí – cuireadh fógraí sa nuachtáin áitiúla chun aird a tharraingt ar na ceistneoirí agus chun cuireadh a thabhairt do dhaoine iad a chomhlánú nó teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon lena dtuairimí a chur in iúl.

Naisc – roinneadh naisc chuig na ceistneoirí ar na cuntais meán sóisialta seo againne agus i nuachtlitir na Seirbhíse Ealaíon ar líne.

Cuir i láthair – rinneadh cur i láthair ag cruinnuithe Ghréasán Rannpháirtíochta an Phobail ag leibhéal na gceantar bardasach. Tugadh forbhreathnú dóibh ar an tseirbhís againn, chomh maith le hachoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin don Phean Ealaíon agus cuireadh fáilte roimh cheisteanna ina dhiaidh.

Grúpaí Fócais – reáchtáladh grúpaí fócais agus seisiúin aiseolais le foireann Sheirbhís Ealaíon Mhaigh Eo, amharcealaíontóirí Mhaigh Eo, daoine ag saothrú in earnáil an mhíchumais, saineolaithe in éagsúlacht chultúrtha, ionadaithe na hearnála scannánaíochta, agus ealaíontóirí pobail. Ina theannta sin eagraíodh cruinnuithe duine le duine le roinnt ionad agus oibrithe óige.

*Táimid fíorbhuíoch do chuile dhuine a thóg an t-am le bheith páirteach ann.*


Brian Leydon agus Seamie O'Dowd, Féile Bhealtaine ag Ionad Ealaíon Bhéal an Átha.



# Aguisín 5:
# Ceistneoir don Phlean Ealaíon

## Ceistneoir Ginearálta:

- CÉARD IAD NA GNÉITHE IS LÁIDRE DE NA HEALAÍONA I MAIGH EO, DAR LEAT?
- CÉARD É AN RIACHTANAS IS MÓ AG NA EALAÍONA I MAIGH EO, I DO THUAIRIM?
- AN BHFUIL CONSTAICÍ AR LEITH AG CUR BAC AR FHORBAIRT NA N-EALAÍON I MAIGH EO?
- CÉN CHAOI AR FÉIDIR LEIS AN OIFIG EALAÍON TACAÍOCHT/ SPREAGADH/ ACMHAINNÍ A THABHAIRT DO NA RÉIMSÍ A LEANAS? TABHAIR FREAGRA I LEITH NA RÉIMSÍ SIN A BHFUIL TAITHÍ NÓ SPÉIS AR LEITH AGAT IONTU, LE DO THOIL.
    - Ionaid ealaíon (stiúideonna/ ionaid ilfheidhme/ gailearaithe)
    - Ealaíontóirí gairmiúla (amharcealaíontóirí/ ceoltóirí/ damhsóirí/ scannánóirí/ oibrithe sna healaíona pobail/ lucht téatair/ scríbhneoirí & filí, srl.)
    - An earnáil neamh-ghairmiúil (drámaíocht amaitéarach/ damhsa/ cóir/ ceol/ amharcealaín/ scríbh-neoireacht chruthaitheach, srl.)
    - Na healaíona i scoileanna agus sa chóras oideachais
    - Ealaín phoiblí
    - Na healaíona do lucht spéise ar leith (daoine faoi mhíchumas/ daoine breacaosta/ daoine óga/ grúpaí ilchultúrtha/ daoine imeallaithe, srl.)
    - Féilte.
- MAIDIR LE HOIDEACHAS NÓ OILIÚINT SNA HEALAÍONA, CÉARD IAD NA RIACHTANAIS IS MÓ A FHEICEANN TÚ FAOI LÁTHAIR? TABHAIR LIOSTA LE DO THOIL.
- AN BHFUIL AON RÉIMSÍ EILE BA CHÓIR TÚS ÁITE A THABHAIRT DÓIBH IDIR SEO AGUS 2021? (CÉARD É AN BEALACH IS FEARR LE HACMHAINNÍ NA HOIFIGE EALAÍON A ÚSÁID SNA CÚIG BLIANA SEO ROMHAINN CHUN AN LUACH IS FEARR A FHÁIL ORTHU.) TABHAIR LIOSTA LE DO THOIL.
- AN GCEAPANN TÚ GO BHFUIL ATHRUITHE DE DHÍTH I RAON NÓ I SOLÁTHAR NA SEIRBHÍSÍ A CHUIREANN OIFIG EALAÍON AN CHONTAE AR FÁIL D'EALAÍONTÓIRÍ/ EAGRAÍOCHTAÍ EALAÍON/ GRÚPAÍ POBAIL NÓ AN POBAL I GCOITINNE? TABHAIR LIOSTA LE DO THOIL.
- CÉARD BA MHAITH LEAT A FHEICEÁIL AG TARLÚ I SAOL NA N-EALAÍON I MAIGH EO MURA RAIBH GANNTANAS AR BITH AIRGID ANN?



# Aguisín 6:
# Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo, 2014-2020

**Cuspóir 1:**
Inbhuanaitheacht tuaithe a chur chun cinn trí níos mó daoine a spreagadh chun cur fúthu i gceantair thuaithe. Chuige sin, déanfar inbhuanaitheacht pobail thuaithe a threisiú agus forbairt eacnamaíoch a spreagadh.

**Cuspóir 2:**
Infheistíocht agus daoine a mhealladh chuig an gContae.

**Cuspóir 3:**
Geilleagar inbhuanaithe a chinntiú.

**Cuspóir 4:**
'Prionsabail ghlasa' a ghlacadh a chuireann ardchaighdeán beatha chun cinn.

**Cuspóir 5:**
Lonnaíochtaí dóighiúla a chruthú a chuireann ardchaighdeán beatha chun cinn.

**Cuspóir 6:**
Raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil dár saoránaigh, infheisteoirí, agus cuairteoirí a choinneáil agus a mhéadú.

**Cuspóir 7:**
An timpeallacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú.

**Cuspóir 8:**
Raon eispéireas d'ardchaighdeán a thairiscint do chuairteoirí as Éirinn agus thar sáile.

## Áiseanna Cultúrtha

ART-01 Is cuspóir de chuid na Comhairle í tacú le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Chomhairle Contae Mhaigh Eo i ndáil leis na hEalaíona, 2011-2016 agus a chinntiú go bhfuil soláthar cuimsitheach acmhainní ann, lena n-áirítear spásanna ar fud an Chontae atá feiliúnach d'ealaíontóirí agus do chleachtais éagsúla ealaíon.

Paper Bloom leis an ealaíontóir Katie Moore, Tionscadal Comórtha 1916, Dánlann Oifigí Cathartha Bhéal an Átha, 2016. Grianghrafadóir: Michael McLaughlin.

# Aguisín 7:
# Plean Corparáideach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2015-2019

## Infheistíocht inár muintir; Tiomantas dár bpobal.

### Cuspóir Straitéiseach (a bhaineann leis an tSeirbhís Ealaíon):

### Cuspóir 03

Oibreoimid i gcomhar le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eile stáit agus deonacha ar mhaithe le forbairt an chontae:

- An Léann – Oibreoimid le hinstitiúidí léinn go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun comhpháirtíochtaí a théann chun tairbhe an dá thaobh a fhorbairt i dtreo tionscnaimh eolasbhunaithe i gContae Mhaigh Eo a chur chun cinn.
- Teanga – Oibreoimid i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, ranna rialtais, agus gníomhaireachataí deonacha agus reachtúla chun cultúr na Gaeilge a chothabháil agus an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Áitiúil – Oibreoimid le pobail, scoileanna, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí reachtúla chun tuiscint agus rannpháirtíocht i gcúrsaí feabhsuithe timpeallachta a mhéadú maille le tacaíocht a thabhairt do thionscadail do dhaoine aosta, agus tionscadail a chuireann rochtain agus cuimsiú sóisialta chun cinn.
- Cultúr & na hEalaíona: Oibreoimid leis an gComhairle Ealaíon, ranna rialtais, gníomhaireachtaí ábhartha reachtúla agus deonacha go léir, agus le pobal bríomhar na n-ealaíon chun deiseanna fóinteacha le teacht ar na healaíona agus le bheith páirteach iontu a chur ar fáil dár saoránaigh uile.



Silent Moves, Comhpháirtíocht Ignite, 2014.

# Aguisín 8:
# Faighteoirí Deontas faoin Acht Ealaíon

## Liosta na n-eagraíochtaí, grúpaí, pobail, agus féilte a fuair tacaíocht i bhfoirm Deontais faoin Acht Ealaíon ó 2003 i leith.

Tabhair do d’aire nach bhfaigheann chuile eagraíocht maoiniú chuile bhliain.  Uaireanta ní chuireann siad isteach ar mhaoiniú nó is amhlaidh gurb annaimhe a eagraíonn siad imeachtaí.

Coiste Ealaíon Chlár Chlainne Mhuiris
Siamsa Sráide, Béal Átha na Muice
Féile Blues Chaisleán an Bharraigh
Club Vario, Club Óige, Béal an Átha
Comhaltas, Fleadh Mhaigh Eo
Féile Ealaíon Chathair na Mart
Taispeántas Ealaíontóirí Acla
Carrowbeg Enterprises.
FRC Chlár Chlainne Mhuiris
An tEarrach Thiar
Cumann Forbartha Cheathrú na gCon
Féile ‘In Sight of Raftery’
FRC Bhéal an Átha
Grúpa Ealaíne na mBan, Baile an Chaisil
Féile Chliara
Turasóireacht Acla
Cumann Sheoirse Uí Mhóra
Féile Chill Ala
Féile Sráide & Ealaíon Bhéal an Átha –
Tionscadal Forbartha Pobail Chluain Cearbán
Ealaíona Pobail Chromghlinne, Cromghlinn
Ceolchumann Bhaile an Róba
Classical Covies
Cumann Merriman
Féile Idirnáisiúnta na Cláirsí, Acaill
Deireadh Seachtaine Traidisiúnta Bhéal Easa
Acquired Brain Injury Ireland
Scoil Acla, Acaill
Scoil Fómhair Uí Chionnaith/Uí Neachtain
Féile Chois Cuain, Cluain Cearbán
Jazz Motion Mayo, Cathair na Mart
Cos Gallen CDSP, Baile Chathail
Classical Covies, Cathair na Mart
Electric Cave Productions
Féile Inis Bigil
Féile Ghráinne Uaile
Ceol na Locha
Ealaíona Pobail an Dreoilín
Féile Pobail Chaisleán an Bharraigh
Cumann Scannán Chlár Chlainne Mhuiris
Grúpa Ealaíontóirí Bhéal Átha hAmhnais
Ceolchumann Chlár Chlainne Mhuiris
Muintearas
Féile Drámaíochta Chlár Chlainne Mhuiris
Grúpa Ealaíon Pobail Choillte Mach
The Non Prophet Organisation
Féile an Accoustic Yard
Acadamh Taibhealaíon Mhaigh Eo
Féile Cheoil Aireagail Chathair na Mart
Fleadh Cheoil Mhaigh Eo
Féile Bluegrass Chathair na Mart
Féile Iorras
Córfhéile Idirnáisiúnta Mhaigh Eo
Scoil Samhraidh Sheosamh Mhic Gabhann

# Aguisín 9: Comhpháirtíochtaí

## Comhpháirtíochtaí Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo:

Aostacht agus Deiseanna
Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead
Arts & Disability Ireland
Ionad Ealaíon Bhéal an Átha
Fondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna, Baile an Chaisil
Coiste Forbartha Thuar Mhic Éadaigh
Comhar Dún Chaocháin
Comhaltas Ceoltóirí Éireann
Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla
Crann Mór
Create
Federation of Music Collectives
Ionad Scannán na Gaillimhe
Gnó Mhaigh Eo
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Reigiún an Iarthair
Inspiration Station
Intreo
Bord Scannán na hÉireann / Irish Film Board
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
Artsquad Mhaigh Eo
Coiste Contae Mhaigh Eo i gCúram Leanaí
Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo
Ionad Oideachais Mhaigh Eo
Mayo Ideas Lab
Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
Music Generation
Music Network
Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe
Údaráis Áitiúla eile
Éigse Éireann
Líonra Rannpháirtíochta Pobail
Screen Training Ireland
An Chomhairle Ealaíon
Stiúideonna Theach an Chustaim, Cathair na Mart
Teachín Heinrich Böll, Acaill
Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh, Caisleán an Bharraigh
Údarás na Gaeltachta
Amharcealaíontóirí Éireann
Westbic
Cumann Cúraim an Iarthair
WRAP
Téatar Óige na hÉireann



Scannánú 'Murdair Mhám Trasna' le ROSG ag Teach Cúirte Bhéal Átha na Muice. Grianghrafadóir: Seán Ó Mainnín.



# Aguisín 10: Foilseacháin de chuid na Seirbhíse Ealaíon

**'New Writings from the West'**, Val Mulkearns (eag.), Comhairle Contae Mhaigh Eo, 1988.

**'The Mayo Anthology'**, Richard Murphy (eag.), Comhairle Contae Mhaigh Eo, 1990.

**'Force 10 in Mayo'**, Dermot Healy (eag.), Comhairle Contae Mhaigh Eo, 1991.

**'The Mayo Anthology 4'**, Michael Gorman (eag.), Comhairle Contae Mhaigh Eo, 1994.

**'The West and Beyond - Mayo 5'**, Neil Donnell (eag.), Comhairle Contae Mhaigh Eo, 1998

Chris Doris, **'40 Days & 40 Nights'**. Tionscadal Ealaíontóra Cónaithe de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2001. (Cuntas de chónaitheacht Chris Doris ar Chruach Phádraig)

**'Creative Reverie – Meeting the Person As An Artist'**, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2002. (Cuntas ar obair an ealaíontóra cónaithe, Deirdre Walsh, in Ospidéal an Chroí Rónaofa, Caisleán an Bharraigh).

**'Saibhreas an tSaoil'** Plean Straitéiseach Chomhairle Contae Mhaigh Eo i ndáil leis na hEalaíona, 2003-2006, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2003.

**'Who says flowers are red?'**- A perspective on developing creativity in the community, Creative Communities for Change, 2003. (Cur síos ar chomhpháirtíocht chruthaitheach idir CDP Parkside, CDP Chluain Cearban, agus CDP Choillte Mach, maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, Comhairle Contae Mhaigh Eo, agus le tacaíocht ó Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh).

**'Between Colours - Mayo County Council Artists'** Mentoring & Networking Programme', Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2006. (Cur síos agus meastóireacht ar an Scéim Meantóireachta agus Líonraithe d'Ealaíontóirí eagraithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.)

**'Present Tense- Words & Pictures'**, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2006. (Cnuasach filíochta agus grianghraf ag filí agus grianghrafadóirí Mhaigh Eo, arna chur in eagar ag Macdara Woods & Jim Vaughan.)

**'Bread and Puppet Theatre Residency - Bealtaine 2007 with Mayo Artsquad'**, Comhairle Contae Mhaigh Eo, DVD, 2007. (Cuntas ar obair na n-ealaíontóirí cónaithe, Bread and Puppet, le linn Fhéile Bealtaine 2007.)

**'This time, this place'**, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2007. (Tionscadal ealaíne poiblí le grianghraif ó Jim Vaughan agus muintir Chliara, agus dán le Macdara Woods.)

**'New Ground Lost Seeds'**, Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt le Dead Good Guides, 2009. (Cur síos ar obair na n-ealaíontóirí cónaithe, John Fox & Sue Gill, le linn Fhéile Bealtaine 2008.)

**'Following the Whitethorn'**, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2009. (Tionscnamh Ealaíne Poiblí, taifeadta agus léirithe ag Michael Fortune. Bhailigh sé piseoga ó mhuintir Bhaile an Róba agus an cheantair máguaird agus rinne sé físeán de.)

**'Altered Images'**, IMMA, 2009. (Catalóg agus CD a ghabh leis an taispeántas taistil 'Altered Images' a bhí ina thionscnamh comhpháirtíochta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, agus IMMA.)

**'Aughagower Pilgrimage'**, le Tom Meskell, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2010. (Tionscadal Ealaíne Poiblí a dhéanann cur síos ar shaothar Tom Meskell in Achadh Ghobhair in 2010). Ar fáil i Leabharlanna Mhaigh Eo.

**'En Route'**- Tionscadal Ealaíne Poiblí le Aileen Lambert, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2011. (Tionscadal Ealaíne Poiblí leis an ealaíontóir Aileen Lambert a rinneadh i gcomhpháirt le muintir Bhéacáin, Bhaile an Daighin agus Thulach Shrutháin).

**'Shift in Perspective'** – An Arts & Disability Resource Book, Arts & Disability Ireland, 2010. (Curtha i dtoll a chéile i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann).

**'Strange Terrain'** le Aideen Barry (2014). Tionscadal comhpháirtíochta Ealaíne Poiblí idir Comhairle Contae Mhaigh Eo agus an tAontas Eorpach. Bunaithe ar an seaniarnród idir Cathair na Mart agus Acaill, atá ina Ghlasbhealach Mhaigh Eo sa lá atá inniu ann.

**'Paper Bloom'** le Katie Moore (2016). Cónaitheacht Comórtha 1916 de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Déantar cur síos ar an gcónaitheacht agus ar na saothair shealadacha ealaíne a cruthaíodh i mBéal an Átha.

**'Tír Sáile Sculpture Trail'** (2017). Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tugtar cuntas ann ar an tslí bhunaidh, maille leis na cónaitheachtaí nua a coimisiúnaíodh mar chuid d'athfhorbairt na slí in 2017.

# Aguisín 11: Leabharliosta


Exploring Teacher-Artist Partnership as a Model of CPD for Supporting & Enhancing Arts Education in Ireland: A RESEARCH REPORT Dr Ailbhe Kenny & Dr Dorothy Morrissey (2016).
https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2017/03/exploring-teacher-artist-partnership.pdf

Arts and Cultural Participation among Children and Young People: Insights from the Growing Up in Ireland Study Dr Emer Smyth (2016).
http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Arts-and-cultural-particiption-GUI.pdf

Encountering the Arts - A Report on the Encountering the Arts Conference at the Irish Museum of Modern Art, 5 Samhain 2010.
http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Encountering_the_Arts_Final_ReportMarch2011.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) Ireland's National Skills Strategy 2025.
https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/pub_national_skills_strategy_2025.pdf

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014) Better outcomes, brighter futures: the national policy framework for children & young people 2014 -2020. BÁC: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag:
https://www.dcya.gov.ie/documents/cypp_framework/BetterOutcomesBetterFutureReport.pdf

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (2016), Culture 2025 - Éire Ildánach: A Framework Policy to 2025 [online], Ar fáil ag:
http://www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2016/07/culture_2025_framework_policy_document.pdf

STEM Education Review Group (2016) A Report on Science, Technology, Engineering and Mathematics (STEM) Education [online], Ar fáil ag:
https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/STEM-Education-in-the-Irish-School-System.pdf

'Realising Our Rural Potential', Action Plan for Rural development in Ireland.
https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2017/01/162404-rural-ireland-action-plan-web-2-1.pdf

The Warwick Commission on Cultural Value.
http://www2.warwick.ac.uk/research/warwickcommission/futureculture/finalreport/warwick_commission_final_report.pdf

Understanding the Value of Arts & Culture, David Crosstick & Patrycja Kaszynska, AHRC report.
http://www.ahrc.ac.uk/documents/publications/cultural-value-project-final-report/

Measuring the Intrinsic Value of Culture.
http://culturehive.co.uk/resources/measuring-intrinsic-value

http://culturehive.co.uk/wp-content/uploads/2013/10/Measuring-Intrinsic-Value-Hasan-Bakhshi-Alan-Freeman-Graham-Hitchen-2009_0_0.pdf

The Value of Arts and Culture to People and Society: an evidence review. Arts Council England.
http://www.artscouncil.org.uk/sites/default/files/download-file/Value_arts_culture_evidence_review.pdf

Public Value Measurement Framework: Measuring the Quality of the Arts. Government of Western Australia, Dept of Culture and the arts.
http://www.dca.wa.gov.au/Documents/New%20Research%20Hub/Research%20Documents/Public%20Value/PVMF_Measuring_Quality_Arts_Research_Hub_08_14.pdf

Measuring Quality in the Cultural Sector: The Manchester Metrics Pilot: Findings and lessons learned. Catherine Bunting & John Knell. Arts Council England.
https://culturecounts.cc/marketing-uploads/resources/Measuring-quality-in-the-cultural-sector-2014.pdf

Supporting Excellence in the Arts, From Measurement to Judgement, Brian McMaster, DCMS 2014.
http://webarchive.nationalarchives.gov.uk/+/http:/www.culture.gov.uk/images/publications/supportingexcellenceinthearts.pdf

Everyday Creativity: 64 Million Artists.
http://64millionartists.com/everyday-creativity-2/

A holistic Approach to valuing our culture: a report to the Department for Culture, Media and Sport, Dr Claire Donovan, Brunel University, 2013.
https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/197826/Holistic_Approach_10_May_2013finalforweb.pdf

Balancing the Scorecard: A guide to creating 'Public Value' in cultural services, Culture Northwest, Communities & Local Government, Sport England, 2008.
http://sampac.nl/EUKN2015/www.eukn.org/dsresourcea49d.pdf?objectid=144109

Making Adaptive Resilence Real, Mark Robinson, Arts Council England, 2010.
http://www.projetcoal.org/coal/wp-content/uploads/2012/02/Arts_Resilience.pdf

European Commission, Green Paper: Unlocking the Potential of Cultural and Creative Industries, 2010.
http://www.saaauthors.eu/dbfiles/mfile/1500/1535/SAA_Contribution_Green_Paper_CCI_29.7.2010_final.pdf

Planning Policy Statement 2015, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
http://www.environ.ie/sites/default/files/migrated-files/en/Publications/DevelopmentandHousing/Planning/FileDownLoad,39991,en.pdf

National Campaign for the Arts, Colloquia Discussion Paper, 1- 4 , 2013, (Dr Tara Byrne).
http://ncfa.ie/campaign/colloquia-discussion-paper

Culture 2025 Discussion Document, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2015.
http://www.ahg.gov.ie/app/uploads/2015/09/culture-2025.pdf

Towards Cultural Democracy: Promoting Cultural Capabilities for Everyone, Kings College London, 2017.
https://www.kcl.ac.uk/Cultural/-/Projects/Towards-cultural-democracy.aspx

Making Waves, Galway Application for European Capital of Culture 2020.
http://galway2020.ie/wp-content/uploads/2016/07/G2020-Bid-web.pdf

Scéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2015-2018. Arna ullmhú de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/MayoCountyCouncil.pdf

Arts Council England, Great Arts and Culture for Everyone, 10 Year Strategic Framework, Arts Council England, revised 2013.
https://www.artscouncil.org.uk/great-art-and-culture-everyone

Arts and Disability 2012 – 2016 Arts Council Policy and Strategy, Arts Council of Ireland An Chomhairle Ealaíon 2012.
http://www.artscouncil.ie/publications/?searchQuery=Arts+participation

Arts Council Strategy (2016–2025) - Making Great Art Work - Leading the development of the arts in Ireland, Arts Council of Ireland An Chomhairle Ealaíon 2015.
http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Making_Great_Art_Work.pdf

Arts and Cultural Participation among Children and Young People: Insights from the Growing Up in Ireland Study, Arts Council of Ireland An Chomhairle Ealaíon 2016.
http://www.artscouncil.ie/Publications/All/Arts-and-cultural-participation-among-children-and-young-people-%E2%80%93-Insights-from-the-Growing-Up-in-Ireland-study/

A Framework for Collaboration, Arts Council of Ireland An Chomhairle Ealaíon 2016.
http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/FrameworkforCollaboration.pdf

Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo, 2014-2020, Comhairle Contae Mhaigh Eo.
http://www.mayococo.ie/en/Planning/MayoCountyDevelopmentPlan2014-2020/

Plean Forbartha Corparáidí Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2015-2019 – 'Infheistíocht inár muintir, tiomantas dár bpobal'.
http://www.mayococo.ie/en/YourCouncil/CorporateDocuments/PDFFile,27880,en.pdf

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Mhaigh Eo, 2015-2021 agus Plean Gníomhaíochta Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, 2016-2017, Comhairle Contae Mhaigh Eo
http://www.mayococo.ie/en/media/Media,29142,en.pdf

Straitéis Aoisbhá Mhaigh Eo, 2016-2020, Comhairle Contae Mhaigh Eo.
http://www.mayococo.ie/en/media/Media,29328,en.pdf

Destination Mayo, A strategy for the future development of tourism in County Mayo 2016 – 2021, Comhairle Contae Mhaigh Eo, 2015.
http://www.mayococo.ie/en/YourCouncil/CorporateDocuments/PDFFile,28407,en.pdf




An t-ealaíontóir Alan Coulihan, saothar ealaíne Tearman na Gaoithe, Slí Dhealbhóireachta Thír Sáile.



Ceardlanna Bhealtaine le Arts Squad Mhaigh Eo 2017.
Grianghrafadóir: Dave Loftus.

Mayo Arts Service

MAYO.IE

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding the arts
artscouncil.ie

FILM MAYO

MAYO ARTSQUAD

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

UPSTART